*Uimhir* 32 *de* 2015

# An tAcht um Dhócmhainneacht Phearsanta (Leasú), 2015

[*An tiontú oifigiúil*]

*Uimhir* 32 *de* 2015

# AN tACHT UM DHÓCMHAINNEACHT PHEARSANTA (LEASÚ), 2015

[*An tiontú oifigiúil*]

CLÁR AN ÁBHAIR

Alt

1. Míniú
2. Leasú ar alt 9 den Phríomh-Acht
3. Leasú ar alt 26 den Phríomh-Acht
4. Leasú ar alt 71 den Phríomh-Acht
5. Leasú ar alt 72 den Phríomh-Acht
6. Leasú ar alt 73 den Phríomh-Acht
7. Comhshocraíocht Socraíochta Fiachais bheartaithe a cheadú i gcás nach bhfuil ach aon chreidiúnaí amháin ann
8. Leasú ar alt 75 den Phríomh-Acht
9. Leasú ar alt 76 den Phríomh-Acht
10. Leasú ar alt 78 den Phríomh-Acht
11. Leasú ar alt 82 den Phríomh-Acht
12. Leasú ar alt 91 den Phríomh-Acht
13. Leasú ar alt 95 den Phríomh-Acht
14. Leasú ar alt 107 den Phríomh-Acht
15. Leasú ar alt 108 den Phríomh-Acht
16. Leasú ar alt 110 den Phríomh-Acht
17. Comhshocraíocht Dócmhainneachta Pearsanta bheartaithe a cheadú i gcás nach bhfuil ach aon chreidiúnaí amháin ann
18. Leasú ar alt 112 den Phríomh-Acht
19. Leasú ar alt 113 den Phríomh-Acht
20. Leasú ar alt 115 den Phríomh-Acht

21. Athbhreithniú cúirte ar Chomhshocraíocht Dócmhainneachta Pearsanta bheartaithe

22. Leasú ar alt 119 den Phríomh-Acht

23. Leasú ar alt 159 den Phríomh-Acht

24. Ailt 176A go 176D a chur isteach sa Phríomh-Acht

25. Leasú ar alt 181 den Phríomh-Acht

26. Leasú ar alt 186 den Phríomh-Acht

27. Gearrtheideal agus comhlua

## Na hAchtanna dá dTagraítear

An tAcht Féimheachta, 1988 (Uimh. 27)

Acht na gCuideachtaí (Forálacha Ilghnéitheacha), 2013 (Uimh. 46)

An tAcht um Chúirteanna agus an Dlí Sibhialta (Forálacha Ilghnéitheacha), 2013 (Uimh. 32)

An tAcht Airgeadais, 2013 (Uimh. 8)

An tAcht um Dhócmhainneacht Phearsanta, 2012 (Uimh. 44)

*Uimhir* 32 *de* 2015

**AN tACHT UM DHÓCMHAINNEACHT PHEARSANTA (LEASÚ), 2015**
[*An tiontú oifigiúil*]

Acht do leasú an Achta um Dhócmhainneacht Phearsanta, 2012 i ndáil leis na nósanna imeachta chun Comhshocraíochtaí Socraíochta Fiachais agus Comhshocraíochtaí Dócmhainneachta Pearsanta a cheadú faoin Acht sin; do dhéanamh socrú maidir le hathbhreithniú cúirte ar Chomhshocraíochtaí Dócmhainneachta Pearsanta beartaithe in imthosca áirithe; do leasú na gcritéar incháilitheachta le haghaidh Fógraí Faoisimh Fiachais; do dhéanamh socrú breise maidir le cleachtóirí dócmhainneachta pearsanta a rialáil agus a mhaoirsiú; agus do dhéanamh socrú i dtaobh nithe gaolmhara. [28 *Iúil* 2015]

**Achtaítear ag an Oireachtas mar a leanas:**

**Míniú**

**1.** San Acht seo, ciallaíonn "Príomh-Acht" an tAcht um Dhócmhainneacht Phearsanta, 2012.

**Leasú ar alt 9 den Phríomh-Acht**

**2.** Leasaítear alt 9(1) den Phríomh-Acht—

(a) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad mhír (e):

"(e) feasacht agus tuiscint an phobail i dtaobh nithe a bhaineann le dócmhainneacht phearsanta a chur chun cinn, agus faisnéis a sholáthar faoi oibriú an Achta seo agus an Achta Féimheachta, 1988 agus faoi nithe gaolmhara, lena n-áirítear na nithe sin a shonraítear i míreanna (jb), (jc) agus (jd),",

agus

(b) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír (ja) (a cuireadh isteach le halt 38 den Acht um Chúirteanna agus an Dlí Sibhialta (Forálacha Ilghnéitheacha), 2013):

"(jb) faisnéis agus staidreamh faoi oibriú an Achta seo agus an Achta Féimheachta, 1988 a thiomsú, a bhailiú, a anailísiú agus a scaipeadh,

(jc) faireachán agus anailís a dhéanamh ar fhorbairtí, maidir le staid féichiúnaithe dócmhainneacha agus maidir le treochtaí i leith

iompar féichiúnaithe agus creidiúnaithe agus i leith patrúin iompair féichiúnaithe agus creidiúnaithe,

(jd) straitéisí a fhorbairt chun cumarsáid a dhéanamh leis an bpobal ar cumarsáid í arb é is aidhm léi ná úsáid comhshocraíochtaí dócmhainneachta a chur chun cinn agus cur i bhfeidhm éifeachtach na gcomhshocraíochtaí sin a fheabhsú,”.

**Leasú ar alt 26 den Phríomh-Acht**

**3.** Leasaítear alt 26 den Phríomh-Acht i bhfo-alt (2)(a) trí “€35,000” a chur in ionad “€20,000”.

**Leasú ar alt 71 den Phríomh-Acht**

**4.** Leasaítear alt 71 den Phríomh-Acht—

(a) i bhfo-alt (1), trí “agus in alt 74A(2)(b) (arna chur isteach le *halt 7* den *Acht um Dhócmhainneacht Phearsanta (Leasú), 2015*)” a chur isteach i ndiaidh “in alt 70(2)(b)”, agus

(b) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (2):

“(2) I gcás, le linn na tréimhse idir an tráth a chomhlánaigh féichiúnaí Ráiteas Airgeadais Forordaithe faoi alt 50 agus an tráth a tugadh fógra faoi alt 70(2) nó, de réir mar a bheidh, faoi alt 74A(2)(b) (arna chur isteach le *halt 7* den *Acht um Dhócmhainneacht Phearsanta (Leasú), 2015*), gur tháinig athrú ábhartha ar staid airgeadais an fhéichiúnaí—

(a) cuirfidh an féichiúnaí an méid sin agus cineál an athraithe sin in iúl don chleachtóir dócmhainneachta pearsanta, agus

(b) má mheasann an cleachtóir dócmhainneachta pearsanta go bhfágann an t-athrú gur gá Ráiteas Airgeadais Forordaithe nua a chomhlánú, cuideoidh sé nó sí leis an bhféichiúnaí chun ráiteas nua den sórt sin a chomhlánú agus, i gcás go n-eascróidh na himthosca sin chun cinn, déanfar tagairt san alt seo don Ráiteas Airgeadais Forordaithe a fhorléiriú mar thagairt don Ráiteas Airgeadais Forordaithe nua.

(3) I gcás go ndéantar Ráiteas Airgeadais Forordaithe nua a chomhlánú de bhun fho-alt (2), tabharfaidh an cleachtóir dócmhainneachta pearsanta cóip den Ráiteas sin don tSeirbhís Dócmhainneachta.”.

**Leasú ar alt 72 den Phríomh-Acht**

**5.** Leasaítear alt 72 den Phríomh-Acht—

(a) i bhfo-alt (7), trí “, nó nach measfar gur ceadaíodh,” a chur isteach i ndiaidh “nach gceadófar”, agus

(b) trí fho-alt (8) a scriosadh.

**Leasú ar alt 73 den Phríomh-Acht**

**6.** Leasaítear alt 73 den Phríomh-Acht—

(a) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (6):

"(6) Measfar togra le haghaidh Comhshocraíocht Socraíochta Fiachais a bheith ceadaithe ag cruinniú creidiúnaithe a thionólfar faoin gCaibidil seo i gcás go mbeidh creidiúnaithe, atá in ionannas do 65 faoin gcéad ar a laghad de mhéid iomlán fhiacha an fhéichiúnaí atá dlite do na creidiúnaithe a bheidh rannpháirteach sa chruinniú agus a vótálfaidh, tar éis vótáil i bhfabhar an togra.",

agus

(b) i bhfo-alt (7), trí "I gcás go ndéanfar vótáil faoi alt 72(5) agus nach vótálfaidh creidiúnaí ar bith," a chur in ionad "I gcás nach vótálfaidh creidiúnaí ar bith,".

**Comhshocraíocht Socraíochta Fiachais bheartaithe a cheadú i gcás nach bhfuil ach aon chreidiúnaí amháin ann**

**7.** Leasaítear an Príomh-Acht tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 74:

**"74A.** (1) I gcás—

(a) go mbeidh togra le haghaidh Comhshocraíocht Socraíochta Fiachais ullmhaithe ag cleachtóir dócmhainneachta pearsanta agus gur thoiligh an féichiúnaí leis an togra sin, agus

(b) nach mbeadh ach aon chreidiúnaí amháin i dteideal vótáil ag cruinniú creidiúnaithe a thionólfaí faoin gCaibidil seo (cibé acu i leith fiach amháin nó níos mó),

beidh feidhm ag na nósanna imeachta a shonraítear san alt seo, agus ní ag na nósanna imeachta a shonraítear in ailt 70, 72 agus 73, i ndáil leis an gcreidiúnaí sin do cheadú an togra le haghaidh Comhshocraíocht Socraíochta Fiachais.

(2) Déanfaidh cleachtóir dócmhainneachta pearsanta dá dtagraítear i bhfo-alt (1)—

(a) fógra i scríbhinn a thabhairt don chreidiúnaí á rá gur ullmhaíodh an togra le haghaidh Comhshocraíocht Socraíochta Fiachais agus go bhféadfaidh an creidiúnaí, laistigh den tréimhse a shonraítear i bhfo-alt (6)(a), a chur in iúl don chleachtóir dócmhainneachta pearsanta i scríbhinn go bhfuil an togra sin ceadaithe aige nó aici, nó a mhalairt,

(b) a chinntiú go bhfuil cóip de gach ceann de na doiciméid dá dtagraítear in alt 71 ag gabháil leis an bhfógra sin, agus

(c) cóip den fhógra dá dtagraítear i mír (a) agus de na doiciméid dá dtagraítear i mír (b) a thaisceadh leis an tSeirbhís Dócmhainneachta.

(3) Féadfaidh cleachtóir dócmhainneachta pearsanta a mbeidh fo-alt (2) comhlíonta aige nó aici, i gcás go gcreideann sé nó sí gur ar mhaithe le ceadú le haghaidh Comhshocraíocht Socraíochta Fiachais bheartaithe a fháil ón gcreidiúnaí atá sé déanamh amhlaidh, agus féadfaidh sé nó

sí, le toiliú i scríbhinn ón bhféichiúnaí, togra leasaithe le haghaidh Comhshocraíocht Socraíochta Fiachais a ullmhú.

(4) I gcás go n-ullmhóidh an cleachtóir dócmhainneachta pearsanta togra leasaithe le haghaidh Comhshocraíocht Socraíochta Fiachais de bhun fho-alt (3), déanfaidh sé nó sí—

(a) fógra scríofa a thabhairt don chreidiúnaí á rá go bhféadfaidh sé nó sí, laistigh den tréimhse a shonraítear i bhfo-alt (6)(b), a chur in iúl don chleachtóir dócmhainneachta pearsanta i scríbhinn go bhfuil an togra leasaithe ceadaithe aige nó aici, nó a mhalairt agus beidh cóip den togra leasaithe ag gabháil leis an bhfógra sin,

(b) cóip de na doiciméid dá dtagraítear i mír (a) a thabhairt don fhéichiúnaí, agus

(c) cóip de na doiciméid dá dtagraítear i mír (a) a thaisceadh leis an tSeirbhís Dócmhainneachta.

(5) Maidir le togra le haghaidh Comhshocraíocht Socraíochta Fiachais, féadfaidh sé, sula mbeidh sé curtha in iúl don chleachtóir dócmhainneachta pearsanta ag an gcreidiúnaí go bhfuil an togra sin ceadaithe aige nó aici, nó a mhalairt, a bheith faoi réir togra le haghaidh modhnú i gcás gur modhnú é lena dtugtar aghaidh ar athbhrí sa Chomhshocraíocht Socraíochta Fiachais bheartaithe nó lena gceartaítear earráid inti agus i gcás—

(a) gurb é nó í an creidiúnaí nó an cleachtóir dócmhainneachta pearsanta a rinne an togra le haghaidh modhnú, agus

(b) go dtugann an féichiúnaí a thoiliú i scríbhinn nó a toiliú i scríbhinn leis an modhnú.

(6) Déanfaidh creidiúnaí lena mbaineann an t-alt seo, laistigh den tréimhse seo a leanas, fógra a thabhairt don chleachtóir dócmhainneachta pearsanta i scríbhinn á rá go bhfuil, nó nach bhfuil, togra le haghaidh Comhshocraíocht Socraíochta Fiachais ceadaithe aige nó aici—

(a) 14 lá ón tráth a thugtar an fógra dó nó di faoi fho-alt (2), nó

(b) más déanaí é, 7 lá ón dáta a thugtar fógra dó nó di den chéad uair faoi fho-alt (4).

(7) Maidir le togra le haghaidh Comhshocraíocht Socraíochta Fiachais lena mbaineann an t-alt seo—

(a) measfar é a bheith ceadaithe ag an gcreidiúnaí lena mbaineann i gcás go dtugann an creidiúnaí sin fógra don chleachtóir dócmhainneachta pearsanta de réir fho-alt (6) á rá go bhfuil an togra sin ceadaithe aige nó aici nó a mhalairt, agus

(b) i gcás go mainníonn an creidiúnaí sin fo-alt (6) a chomhlíonadh, measfar é a bheith ceadaithe ag an gcreidiúnaí lena mbaineann.

(8) I gcás go ndéanann creidiúnaí lena mbaineann an t-alt seo a chur in iúl don chleachtóir dócmhainneachta pearsanta, de réir fho-alt (6), nach

gceadaíonn sé nó sí an togra, measfar go bhfuil deireadh leis an nós imeachta Comhshocraíochta Socraíochta Fiachais, agus scoirfidh an deimhniú cosantach arna eisiúint faoi alt 61 d'éifeacht a bheith leis.

(9) I gcás go mainníonn cleachtóir dócmhainneachta pearsanta fógra a thabhairt don chreidiúnaí faoi fho-alt (2) sula dtéann an deimhniú cosantach in éag, measfar go bhfuil deireadh leis an nós imeachta Comhshocraíochta Socraíochta Fiachais.

(10) I gcás go bhfuil feidhm ag an alt seo, déanfar tagairt in alt 61(13) d'alt 73 a fhorléiriú mar thagairt don alt seo.".

**Leasú ar alt 75 den Phríomh-Acht**

**8.** Leasaítear alt 75 den Phríomh-Acht—

(a) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (1) (arna leasú le halt 71 den Acht um Chúirteanna agus an Dlí Sibhialta (Forálacha Ilghnéitheacha), 2013):

"(1) I gcás go gceadaítear Comhshocraíocht Socraíochta Fiachais nó, de réir mar a bheidh, go meastar í a bheith ceadaithe ag cruinniú creidiúnaithe de réir alt 73, déanfaidh an cleachtóir dócmhainneachta pearsanta, a luaithe is indéanta tar éis dheireadh an chruinnithe, fógra faoin gceadú sin nó, de réir mar a bheidh, faoin gceadú measta sin, a chur in iúl don tSeirbhís Dócmhainneachta agus do gach creidiúnaí lena mbaineann, ar fógra é a mbeidh na nithe seo a leanas ag gabháil leis—

(a) (i) faoi réir fhomhír (ii), deimhniú ina bhfuil toradh na vótála a rinneadh ag an gcruinniú creidiúnaithe, ar deimhniú é ina sainaithnítear an líon vótaí, ó thaobh luacha, na gcreidiúnaithe a bhí i láthair agus a vótáil i bhfabhar na Comhshocraíochta Socraíochta Fiachais beartaithe agus ina coinne, agus ina luaitear gur cheadaigh an chionmhaireacht riachtanach creidiúnaithe dá dtagraítear in alt 73(6) an togra le haghaidh Comhshocraíocht Socraíochta Fiachais, nó

(ii) i gcás go bhfuil feidhm ag alt 73(7) maidir leis an togra, deimhniú á rá sin,

(b) cóip den Chomhshocraíocht Socraíochta Fiachais cheadaithe, agus

(c) ráiteas ón gcleachtóir dócmhainneachta pearsanta á rá gurb é a thuairim nó a tuairim—

(i) go gcomhlíonann an féichiúnaí na critéir incháilitheachta a shonraítear in alt 57 chun togra a dhéanamh le haghaidh Comhshocraíocht Socraíochta Fiachais,

(ii) go gcomhlíonann an Chomhshocraíocht Socraíochta Fiachais cheadaithe na ceanglais shainordaitheacha dá dtagraítear in alt 65(2), agus

(iii) nach bhfuil aon téarmaí ann sa Chomhshocraíocht Socraíochta Fiachais cheadaithe ar téarmaí iad lena scaoilfí an féichiúnaí ó fhiach eisiata, ó fhiach ineisiata (seachas fiach ceadaithe) nó ó

fhiach urraithe nó lena ndéanfaí difear d'fhiach den sórt sin ar shlí eile.",

(b) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (1):

"(1A) I gcás go gceadaítear Comhshocraíocht Socraíochta Fiachais nó, de réir mar a bheidh, go meastar í a bheith ceadaithe de réir alt 74A(7) (arna chur isteach le *halt 7* den *Acht um Dhócmhainneacht Phearsanta (Leasú), 2015*), déanfaidh an cleachtóir dócmhainneachta pearsanta, a luaithe is indéanta dá éis sin, fógra faoin gceadú sin nó, de réir mar a bheidh, faoin gceadú measta sin, a thabhairt don tSeirbhís Dócmhainneachta agus do gach creidiúnaí lena mbaineann, ar fógra é a mbeidh na nithe seo a leanas ag gabháil leis—

(a) deimhniú á rá go bhfuil feidhm ag alt 74A maidir leis an gComhshocraíocht Socraíochta Fiachais bheartaithe agus gur ceadaíodh an togra lena mbaineann nó, de réir mar a bheidh, gur measadh é a bheith ceadaithe de réir alt 74A(7) ag an aon chreidiúnaí amháin a bhí i dteideal vótáil ar an togra,

(b) cóip den Chomhshocraíocht Socraíochta Fiachais cheadaithe, agus

(c) ráiteas ón gcleachtóir dócmhainneachta pearsanta á rá gurb é a thuairim nó a tuairim—

(i) go gcomhlíonann an féichiúnaí na critéir incháilitheachta a shonraítear in alt 57 chun togra a dhéanamh le haghaidh Comhshocraíocht Socraíochta Fiachais,

(ii) go gcomhlíonann an Chomhshocraíocht Socraíochta Fiachais cheadaithe na ceanglais shainordaitheacha dá dtagraítear in alt 65(2), agus

(iii) nach bhfuil aon téarmaí ann sa Chomhshocraíocht Socraíochta Fiachais cheadaithe ar téarmaí iad lena scaoilfí an féichiúnaí ó fhiach eisiata, ó fhiach ineisiata (seachas fiach ceadaithe) nó ó fhiach urraithe nó lena ndéanfaí difear d'fhiach den sórt sin ar shlí eile.",

agus

(c) i bhfo-alt (2), trí "nó, de réir mar a bheidh, i bhfo-alt (1A) (arna chur isteach le *halt 8(b)* den *Acht um Dhócmhainneacht Phearsanta (Leasú), 2015*)," a chur isteach i ndiaidh "na doiciméid dá dtagraítear i bhfo-alt (1)".

**Leasú ar alt 76 den Phríomh-Acht**

**9.** Leasaítear alt 76 den Phríomh-Acht i bhfo-alt (1) trí "nó, de réir mar a bheidh, alt 75(1A) (arna chur isteach le *halt 8(b)* den *Acht um Dhócmhainneacht Phearsanta Leasú, 2015*)" a chur isteach i ndiaidh "de bhun alt 75(1) (arna leasú le halt 71 den Acht um Chúirteanna agus an Dlí Sibhialta (Forálacha Ilghnéitheacha), 2013)".

**Leasú ar alt 78 den Phríomh-Acht**

**10.** Leasaítear alt 78 den Phríomh-Acht—

(a) i bhfo-alt (2), tríd an méid seo a leanas a chur in ionad mhír (a)(iv):

"(iv) gurb amhlaidh, maidir leis an togra le haghaidh Comhshocraíocht Socraíochta Fiachais—

(I) gur cheadaigh an chionmhaireacht riachtanach creidiúnaithe dá dtagraítear in alt 73(6) é,

(II) gur togra é lena mbaineann alt 73(7), nó

(III) gur ceadaíodh é nó, de réir mar a bheidh, gur measadh é a bheith ceadaithe de réir alt 74A(7) (arna chur isteach le *halt 7* den *Acht um Dhócmhainneacht Phearsanta, 2015*),",

agus

(b) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (5) (arna leasú le halt 73 den Acht um Chúirteanna agus an Dlí Sibhialta (Forálacha Ilghnéitheacha), 2013):

"(5) Chun críocha fho-alt (2), féadfaidh an chúirt chuí—

(a) deimhniú an chleachtóra dócmhainneachta pearsanta dá dtagraítear in alt 75(1)(a)(i) (arna leasú le *halt 8(a)* den *Acht um Dhócmhainneacht Phearsanta (Leasú), 2015*) a ghlacadh mar fhianaise gur cheadaigh an chionmhaireacht riachtanach creidiúnaithe dá dtagraítear in alt 73(6) an togra le haghaidh Comhshocraíocht Socraíochta Fiachais,

(b) deimhniú an chleachtóra dócmhainneachta pearsanta dá dtagraítear in alt 75(1)(a)(ii) (arna leasú le *halt 8(a)* den *Acht um Dhócmhainneacht Phearsanta (Leasú), 2015*) a ghlacadh mar fhianaise gur togra é lena mbaineann alt 73(7) an togra le haghaidh Comhshocraíocht Socraíochta Fiachais,

(c) deimhniú an chleachtóra dócmhainneachta pearsanta dá dtagraítear in alt 75(1)(A) (arna chur isteach le *halt 8(b)* den *Acht um Dhócmhainneacht Phearsanta (Leasú), 2015*) a ghlacadh mar fhianaise gur ceadaíodh an Chomhshocraíocht Socraíochta Fiachais nó, de réir mar a bheidh, gur measadh í a bheith ceadaithe de réir alt 74A(7) (a cuireadh isteach le halt 7 den Acht um Dhócmhainneacht Phearsanta (Leasú), 2015), agus

(d) ráiteas an chleachtóra dócmhainneachta pearsanta dá dtagraítear in alt 75(1)(A) (arna leasú le halt 71 den Acht um Chúirteanna agus an Dlí Sibhialta (Forálacha Ilghnéitheacha), 2013) nó, de réir mar a bheidh, in alt 75(1A)(c) (arna chur isteach le halt 8(b) den Acht um Dhócmhainneacht Phearsanta (Leasú), 2015) a ghlacadh mar fhianaise ar aon ní dá dtagraítear i bhfo-alt (2) agus is ábhar don ráiteas sin.".

**Leasú ar alt 82 den Phríomh-Acht**

**11.** Leasaítear an Príomh-Acht tríd an méid seo a leanas a chur in ionad alt 82 (arna leasú le halt 75 den Acht um Chúirteanna agus an Dlí Sibhialta (Forálacha Ilghnéitheacha), 2013):

**"82.** (1) Faoi réir an ailt seo, féadfar Comhshocraíocht Socraíochta Fiachais a athrú de réir a téarmaí.

(2) Déanfaidh cleachtóir dócmhainneachta pearsanta, cibé acu ar a thionscnamh féin nó ar a tionscnamh féin nó ar iarraidh arna déanamh de réir fho-alt (3) a fháil, togra le haghaidh athrú ar Chomhshocraíocht Socraíochta Fiachais (dá ngairtear 'athrú' san alt seo) i gcás—

(a) gur dealraitheach don chleachtóir dócmhainneachta pearsanta go bhfuil athrú ábhartha tagtha ar imthosca an fhéichiúnaí, agus

(b) gur deimhin leis an gcleachtóir dócmhainneachta pearsanta go bhfuil ionchas réasúnach ann go ndéanfaí athrú lena dtugtar aghaidh ar na himthosca sin a cheadú de réir an ailt seo.

(3) Féadfaidh féichiúnaí nó creidiúnaí a bheidh faoi cheangal ag Comhshocraíocht Socraíochta Fiachais a iarraidh ar an gcleachtóir dócmhainneachta pearsanta togra a dhéanamh le haghaidh athrú ar an gComhshocraíocht, ar iarraidh í—

(a) a bheidh i scríbhinn,

(b) a mbeidh faisnéis nó fianaise ag gabháil léi chun tacú leis an dearbhú go bhfuil athrú ábhartha tagtha ar imthosca an fhéichiúnaí, agus

(c) a mbeidh toiliú scríofa ón duine a bheidh ag déanamh na hiarrata ag gabháil léi, ar toiliú é—

(i) leis an gcleachtóir dócmhainneachta pearsanta do dhéanamh fiosrú faoi fho-alt (4), agus

(ii) leis an gcleachtóir dócmhainneachta pearsanta do nochtadh sonraí pearsanta de chuid an duine, a mhéid is gá le haghaidh fiosrú den sórt sin.

(4) Déanfaidh cleachtóir dócmhainneachta pearsanta, laistigh de 21 lá ón tráth a gheobhaidh sé nó sí iarraidh faoi fho-alt (3), breith a thabhairt i dtaobh an bhfuil feidhm ag míreanna (a) agus (b) d'fho-alt (2) i ndáil leis an gComhshocraíocht Socraíochta Fiachais lena mbaineann agus, chun na críche sin—

(a) féadfaidh sé nó sí aon fhaisnéis bhreise a theastóidh uaidh nó uaithi a iarraidh ar an duine a rinne an iarraidh, agus

(b) féadfaidh sé nó sí cibé fiosruithe a dhéanamh a mheasann sé nó sí is gá chun go dtiocfaidh sé nó sí ar a bhreith nó ar a breith.

(5) D'fhonn breith a thabhairt, cibé acu faoi fho-alt (4) nó eile, i dtaobh an bhfuil feidhm ag míreanna (a) agus (b) d'fho-alt (2) i ndáil leis an gComhshocraíocht Socraíochta Fiachais lena mbaineann, féadfaidh an cleachtóir dócmhainneachta pearsanta a cheangal ar an bhféichiúnaí lena mbaineann, le cúnamh ón gcleachtóir dócmhainneachta pearsanta más gá, Ráiteas Airgeadais Forordaithe nua a chomhlánú.

(6) I gcás gur deimhin leis an gcleachtóir dócmhainneachta pearsanta go bhfuil feidhm ag míreanna (a) agus (b) d'fho-alt (2) i ndáil leis an gComhshocraíocht Socraíochta Fiachais lena mbaineann, déanfaidh sé nó sí gan mhoill—

(a) a cheangal ar an bhféichiúnaí lena mbaineann, le cúnamh ón gcleachtóir dócmhainneachta pearsanta más gá, Ráiteas Airgeadais Forordaithe nua a chomhlánú, mura rud é go ndearna an féichiúnaí Ráiteas Airgeadais Forordaithe a chomhlánú faoi fho-alt (5) agus go bhfuil an fhaisnéis ann iomlán cruinn i gcónaí,

(b) togra a fhoirmliú le haghaidh athrú,

(c) toiliú scríofa a lorg ar an bhféichiúnaí leis an togra agus, faoi réir fho-alt (8), le cruinniú de chreidiúnaithe an fhéichiúnaí a ghairm chun an togra a bhreithniú, agus

(d) faoi réir fho-alt (8), i gcás gur tugadh an toiliú ón bhféichiúnaí dá dtagraítear i mír (c), socrú a dhéanamh chun an cruinniú dá dtagraítear sa mhír sin a thionól.

(7) Nuair a bheidh cruinniú creidiúnaithe a thionólfar faoin alt seo á ghairm ag an gcleachtóir dócmhainneachta pearsanta, déanfaidh sé nó sí—

(a) fógra scríofa 14 lá ar a laghad a thabhairt do gach creidiúnaí faoin gcruinniú, agus faoin dáta agus faoin am a thionólfar an cruinniú, agus faoin áit a dtionólfar é,

(b) a chinntiú go mbeidh an méid seo a leanas ag gabháil leis an bhfógra dá dtagraítear i mír (a)—

(i) togra scríofa le haghaidh an athraithe ar an gComhshocraíocht Socraíochta Fiachais,

(ii) tuarascáil ón gcleachtóir dócmhainneachta pearsanta—

(I) ina dtabharfar tuairisc ar an toradh ó thaobh na gcreidiúnaithe agus ó thaobh an fhéichiúnaí faoi théarmaí an togra, agus

(II) ina gcuirfear in iúl an é nó nach é a thuairim nó a tuairim gur dóigh le réasún go mbeidh an féichiúnaí in ann téarmaí na Comhshocraíochta Socraíochta Fiachais, arna hathrú de réir an togra, a chomhlíonadh,

(iii) an Ráiteas Airgeadais Forordaithe arna chomhlánú ag an bhféichiúnaí faoi fho-alt (5) nó (6), de réir mar a bheidh, agus

(iv) cibé faisnéis eile a gheobhaidh an cleachtóir dócmhainneachta pearsanta faoin alt seo agus is iomchuí leis nó léi,

agus

(c) cóip den fhógra dá dtagraítear i mír (a) agus na doiciméid dá dtagraítear i mír (b) a thaisceadh leis an tSeirbhís Dócmhainneachta.

(8) I gcás nach mbeadh ach aon chreidiúnaí amháin i dteideal vótáil ag cruinniú creidiúnaithe faoin alt seo (cibé acu i leith fiach amháin nó níos mó), déanfaidh an cleachtóir dócmhainneachta pearsanta, in ionad cruinniú den sórt sin a thionól, fógra a thabhairt don chreidiúnaí faoin togra chun athrú a dhéanamh, agus beidh feidhm ag míreanna (b) agus (c) d'fho-alt (7) i leith an fhógra sin.

(9) Beidh feidhm ag forálacha ailt 65 go 69 agus ailt 72 go 78 (seachas fo-ailt (2) agus (3) d'alt 67, ailt 72(4), 72(7), 73(2), 74A(7)) (arna chur isteach le *halt 7* den *Acht um Dhócmhainneacht Phearsanta (Leasú), 2015*), 75(1)(c)(i) (arna leasú le *halt 8(a)* den *Acht um Dhócmhainneacht Phearsanta (Leasú), 2015*), 75(1A)(c)(i) (arna chur isteach le *halt 8(b)* den *Acht um Dhócmhainneacht Phearsanta (Leasú), 2015*), 76(2), 77(3) agus 78(2)(a)(i)) agus alt 87 i ndáil le hathrú ar Chomhshocraíocht Socraíochta Fiachais faoin alt seo, ach sin réir na modhnuithe seo a leanas agus aon mhodhnuithe eile is gá—

(a) forléireofar tagairt do Chomhshocraíocht Socraíochta Fiachais mar thagairt do Chomhshocraíocht Socraíochta Fiachais arna hathrú de réir na Caibidle seo,

(b) forléireofar tagairt do thogra le haghaidh Comhshocraíocht Socraíochta Fiachais mar thagairt do thogra le haghaidh athrú ar Chomhshocraíocht Socraíochta Fiachais, agus forléireofar tagairt do Chomhshocraíocht Socraíochta Fiachais bheartaithe mar thagairt d'athrú beartaithe ar Chomhshocraíocht Socraíochta Fiachais,

(c) forléireofar tagairt do Ráiteas Airgeadais Forordaithe mar thagairt don Ráiteas Airgeadais Forordaithe arna chomhlánú ag an bhféichiúnaí faoi fho-alt (5) nó (6), de réir mar a bheidh,

(d) ní bheidh d'éifeacht le hathrú ar Chomhshocraíocht Socraíochta Fiachais ré na Comhshocraíochta Socraíochta Fiachais sin a fhadú thar an ré uasta a cheadaítear faoi alt 65(2)(a),

(e) maidir le Comhshocraíocht Socraíochta Fiachais arna hathrú faoin alt seo, déanfar foráil léi, chomh maith leis an bhfaisnéis dá dtagraítear in alt 65(2)(e) a bheith inti, le haghaidh costais agus eisíocaíochtaí de chuid an chleachtóra dócmhainneachta pearsanta a bhaineann leis an alt seo,

(f) forléireofar tagairt do chruinniú creidiúnaithe mar thagairt do chruinniú creidiúnaithe a ghairfear faoin alt seo,

(g) ní fhéadfar, i gcúrsa cruinniú creidiúnaithe, an cruinniú a chur ar atráth de bhun fho-alt 72(2) ach aon uair amháin, agus

(h) déanfar tagairt in alt 78(5)(c) (arna leasú le *halt 10(b)* den *Acht um Dhócmhainneacht Phearsanta (Leasú), 2015*) d'alt 74A(7) a fhorléiriú mar thagairt d'fho-alt (11).

(10) Na cearta vótála is infheidhmithe ag creidiúnaí ag cruinniú creidiúnaithe faoin alt seo, beidh siad i gcomhréir le méid an fhéich a bheidh dlite den fhéichiúnaí don chreidiúnaí an lá a dhéanfar an vótáil.

(11) (a) I gcás go mbeidh feidhm ag fo-alt (8), déanfaidh an creidiúnaí lena mbaineann, laistigh den tréimhse seo a leanas, fógra a thabhairt i scríbhinn don chleachtóir dócmhainneachta pearsanta i dtaobh togra le haghaidh athrú ar Chomhshocraíocht Socraíochta Fiachais a bheith ceadaithe aige nó aici, nó a mhalairt—

(i) 14 lá ón tráth a thabharfar an fógra dó nó di faoin bhfo-alt sin, nó

(ii) más déanaí é, 7 lá ón dáta a thabharfar fógra dó nó di den chéad uair faoi alt 74A(4)(a).

(b) Maidir le togra dá dtagraítear i mír (a)—

(i) measfar é a bheith ceadaithe ag an gcreidiúnaí lena mbaineann i gcás go dtabharfaidh an creidiúnaí sin fógra don chleachtóir dócmhainneachta pearsanta de réir na míre sin i dtaobh an togra a bheith ceadaithe ag an gcreidiúnaí, agus

(ii) i gcás go mainneoidh an creidiúnaí sin an mhír sin a chomhlíonadh, measfar é a bheith ceadaithe ag an gcreidiúnaí lena mbaineann.

(12) I gcás—

(a) ar vóta a thógáil ag cruinniú creidiúnaithe faoin alt seo, nach gceadófar an togra de réir alt 73,

(b) go mbeidh feidhm ag fo-alt (8) agus nach gceadófar an togra de réir fho-alt (11), nó

(c) go seasfaidh an chúirt chuí le hagóid creidiúnaí i gcoinne athrú ar Chomhshocraíocht Socraíochta Fiachais do theacht in éifeacht,

leanfaidh an Chomhshocraíocht Socraíochta Fiachais lena mbaineann, gan dochar do na forálacha eile den Acht seo, d’éifeacht a bheith léi gan bheith faoi réir an athraithe sin.

(13) Ní dochar fo-alt (12) do theideal an chleachtóra dócmhainneachta pearsanta togra a dhéanamh le haghaidh athrú eile ar an gComhshocraíocht Socraíochta Fiachais de réir an ailt seo.

(14) Faoi réir fho-alt (15), aon diúltú míréasúnach ar thaobh an fhéichiúnaí a thoiliú nó a toiliú a thabhairt—

(a) faoi fho-alt (6) do thogra le haghaidh athrú nó cruinniú creidiúnaithe a ghairm, nó

(b) faoi fho-alt (2) nó (6) d’alt 72 nó, de réir mar a bheidh, faoi fho-alt (3) nó (5) d’alt 74A (arna chur isteach le *halt 7* den *Acht um Dhócmhainneacht Phearsanta (Leasú), 2015*),

is foras le haghaidh iarratas faoi alt 83(1)(g) é.

(15) Aon fhéichiúnaí a dhiúltóidh a thoiliú nó a toiliú a thabhairt faoi fhoráil dá dtagraítear i bhfo-alt (14), measfar é nó í a bheith ag gníomhú go réasúnach i gcás go gceanglófaí ar an bhféichiúnaí leis an togra ar i ndáil leis a lorgaítear an toiliú—

(a) i gcás go mbeidh méadú tagtha ar ioncam an fhéichiúnaí, íocaíochtaí breise a dhéanamh, ar mó iad ná 50 faoin gcéad den mhéadú ar a ioncam nó ar a hioncam a bheadh ar fáil dó nó di tar éis na hasbhaintí seo a leanas (más infheidhme) a dhéanamh:

(i) cáin ioncaim;

(ii) ranníocaí árachais shóisialaigh;

(iii) íocaíochtaí arna ndéanamh aige nó aici i leith fiacha eisiata;

(iv) íocaíochtaí arna ndéanamh aige nó aici i leith fiacha ineisiata nach fiacha ceadaithe;

(v) cibé tobhaigh agus muirir eile ar ioncam a fhorordófar,

nó

(b) íocaíocht a dhéanamh ar mó í ná 50 faoin gcéad de luach aon mhaoin a bheidh faighte ag an bhféichiúnaí tar éis don Chomhshocraíocht Socraíochta Fiachais a bheartaítear a athrú teacht in éifeacht, mura rud é go raibh réamhshocrú i dtéarmaí na Comhshocraíochta sin i dtaobh an mhaoin sin a fháil.

(16) Forléireofar tagairt sa Chaibidil seo do Chomhshocraíocht Socraíochta Fiachais mar thagairt a fholaíonn comhshocraíocht den sórt sin mar a bheartaítear í a athrú nó arna hathrú de réir an ailt seo, mura n-éilíonn an comhthéacs a mhalairt.

(17) San alt seo, ciallaíonn 'athrú ábhartha ar imthosca an fhéichiúnaí' athrú ar imthosca an fhéichiúnaí a dhéanfadh difear ábhartha dá chumas nó dá cumas íocaíochtaí a dhéanamh, nó a oibleagáidí nó a hoibleagáidí a chomhlíonadh ar shlí eile, faoin gComhshocraíocht Socraíochta Fiachais, agus folaíonn sé méadú nó laghdú ar mhéid shócmhainní, dhliteanais nó ioncam an fhéichiúnaí.".

**Leasú ar alt 91 den Phríomh-Acht**

**12.** Leasaítear alt 91 den Phríomh-Acht—

(a) i bhfo-alt (1), tríd an méid seo a leanas a chur in ionad mhír (g):

"(g) go bhfuil dearbhú i scríbhinn déanta ag an bhféichiúnaí á dhearbhú gur chomhoibrigh sé nó sí ar feadh tréimhse 6 mhí ar a laghad lena chreidiúnaithe nó lena creidiúnaithe ar creidiúnaithe urraithe maidir le príomháit chónaithe phríobháideach an fhéichiúnaí iad de réir aon phróiseas a bhaineann le riaráistí morgáiste a oibríonn na creidiúnaithe urraithe lena mbaineann agus a cheadaigh nó a d'éiligh Banc Ceannais na hÉireann agus is próiseas a bhaineann leis an bhfiach urraithe lena mbaineann agus—

(i) d'ainneoin an chomhoibrithe sin nárbh fhéidir leis an bhféichiúnaí comhshocraíocht aisíocaíochta de shórt eile a chomhaontú leis an gcreidiúnaí urraithe lena mbaineann, nó go bhfuil daingnithe i scríbhinn ag an gcreidiúnaí urraithe don fhéichiúnaí nach bhfuil an creidiúnaí urraithe sin toilteanach comhshocraíocht aisíocaíochta de shórt eile a dhéanamh, nó

(ii) maidir leis an bhféichiúnaí—

(I) go bhfuil comhshocraíocht aisíocaíochta de shórt eile déanta aige nó aici, agus gur fhéach sé nó sí, de mheon macánta, leis an gcomhshocraíocht sin a chomhlíonadh, agus

(II) go bhfuil daingniú faoi fho-alt (2A) tugtha ag an gcleachtóir dócmhainneachta pearsanta dó nó di faoi fho-alt (2A);",

agus

(b) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (2):

"(2A) Is é atá i ndaingniú faoin bhfo-alt seo ná daingniú i scríbhinn ón gcleachtóir dócmhainneachta pearsanta á rá go gcreideann an cleachtóir sin, ag féachaint d'imthosca airgeadais an fhéichiúnaí mar a nochtar iad sa Ráiteas Airgeadais Forordaithe arna chomhlánú ag an bhféichiúnaí, agus do théarmaí na comhshocraíochta aisíocaíochta de shórt eile dá dtagraítear i bhfo-alt (1)(g)(ii), nach dóigh, mura ndéanfadh an féichiúnaí Comhshocraíocht Dócmhainneachta Pearsanta, go dtiocfadh sé nó sí chun bheith sócmhainneach laistigh den tréimhse 5 bliana dar tosach an dáta a thugann an cleachtóir dócmhainneachta pearsanta an daingniú sin.".

**Leasú ar alt 95 den Phríomh-Acht**

**13.** Leasaítear alt 95 den Phríomh-Acht i bhfo-alt (5) trí "alt 113(2)" a scriosadh agus trí "ailt 113(2) agus 115A(5)" a chur ina ionad.

**Leasú ar alt 107 den Phríomh-Acht**

**14.** Leasaítear alt 107 den Phríomh-Acht—

(a) i bhfo-alt (1), trí "agus in alt 111A(2)(b) (arna chur isteach le *halt 17* den *Acht um Dhócmhainneacht Phearsanta (Leasú), 2015*)" a chur isteach i ndiaidh "in alt 106(2)(b)", agus

(b) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (2):

"(2) I gcás, le linn na tréimhse idir an tráth a chomhlánaigh féichiúnaí Ráiteas Airgeadais Forordaithe faoi alt 50 agus an tráth a tugadh fógra faoi alt 106(2) nó, de réir mar a bheidh, faoi alt 111A(2) (arna chur isteach le *halt 17* den *Acht um Dhócmhainneacht Phearsanta (Leasú), 2015*), gur tháinig athrú ábhartha ar staid airgeadais an fhéichiúnaí—

(a) cuirfidh an féichiúnaí an méid sin agus cineál an athraithe sin in iúl don chleachtóir dócmhainneachta pearsanta, agus

(b) má mheasann an cleachtóir dócmhainneachta pearsanta go bhfágann an t-athrú gur gá Ráiteas Airgeadais Forordaithe nua a chomhlánú, cuideoidh sé nó sí leis an bhféichiúnaí chun ráiteas nua den sórt sin a chomhlánú agus, i gcás go n-eascróidh na himthosca sin, déanfar tagairt san alt seo don Ráiteas Airgeadais Forordaithe a fhorléiriú mar thagairt don Ráiteas Airgeadais Forordaithe nua.".

**Leasú ar alt 108 den Phríomh-Acht**

**15.** Leasaítear alt 108 den Phríomh-Acht—

(a) trí fho-alt (6) a scriosadh, agus

(b) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-ailt (8) agus (9):

"(8) (a) I gcás, ar vóta a thógáil ag cruinniú creidiúnaithe de réir fho-alt (1), nach vótálfaidh creidiúnaí ar bith, measfar an Chomhshocraíocht Dócmhainneachta Pearsanta bheartaithe a bheith ceadaithe faoin alt seo.

(b) I gcás, ar vóta a thógáil ag cruinniú creidiúnaithe de réir fho-alt (1), nach gceadófar an togra de réir an fho-ailt sin, nó nach measfar faoi mhír (a) é a bheith ceadaithe faoi réir alt 115A, beidh an nós imeachta Comhshocraíochta Dócmhainneachta Pearsanta foirceanta agus scoirfidh an deimhniú cosantach a eisíodh faoi alt 95 d'éifeacht a bheith leis.".

**Leasú ar alt 110 den Phríomh-Acht**

**16.** Leasaítear alt 110 den Phríomh-Acht i bhfo-alt (1)(a) trí "tromlach de na" a scriosadh.

**Comhshocraíocht Dócmhainneachta Pearsanta bheartaithe a cheadú i gcás nach bhfuil ach aon chreidiúnaí amháin ann**

**17.** Leasaítear an Príomh-Acht tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 111:

**"111A.**(1) I gcás—

(a) go mbeidh togra le haghaidh Comhshocraíocht Dócmhainneachta Pearsanta ullmhaithe ag cleachtóir dócmhainneachta pearsanta agus gur thoiligh an féichiúnaí leis an togra sin, agus

(b) nach mbeadh ach aon chreidiúnaí amháin i dteideal vótáil ag cruinniú creidiúnaithe arna thionól faoin gCaibidil seo (cibé acu i leith fiach amháin nó níos mó),

beidh feidhm ag na nósanna imeachta a shonraítear san alt seo, agus ní ag na nósanna imeachta sin a shonraítear in ailt 106 agus 108 go 111, i ndáil leis an gcreidiúnaí sin do cheadú an togra le haghaidh Comhshocraíocht Dócmhainneachta Pearsanta.

(2) Déanfaidh cleachtóir dócmhainneachta pearsanta dá dtagraítear i bhfo-alt (1)—

(a) fógra scríofa a thabhairt don chreidiúnaí á rá gur ullmhaíodh an togra le haghaidh Comhshocraíocht Dócmhainneachta Pearsanta agus go bhféadfaidh an creidiúnaí, laistigh den tréimhse a shonraítear i bhfo-alt (6)(a), fógra a thabhairt i scríbhinn don chleachtóir dócmhainneachta pearsanta i dtaobh an togra sin a bheith ceadaithe aige nó aici, nó a mhalairt,

(b) a chinntiú go mbeidh cóip de gach ceann de na doiciméid dá dtagraítear in alt 197 ag gabháil leis an bhfógra dá dtagraítear i mír (a), agus

(c) cóip den fhógra dá dtagraítear i mír (a) agus na doiciméid dá dtagraítear i mír (b) a thaisceadh leis an tSeirbhís Dócmhainneachta.

(3) Féadfaidh cleachtóir dócmhainneachta pearsanta a mbeidh fo-alt (2) comhlíonta aige nó aici, i gcás go gcreideann sé nó sí gur ar mhaithe le ceadú le haghaidh Comhshocraíocht Dócmhainneachta Pearsanta bheartaithe a fháil ón gcreidiúnaí é, agus le toiliú i scríbhinn ón bhféichiúnaí, togra leasaithe le haghaidh Comhshocraíocht Dócmhainneachta Pearsanta a ullmhú.

(4) I gcás go n-ullmhóidh an cleachtóir dócmhainneachta pearsanta togra leasaithe le haghaidh Comhshocraíocht Dócmhainneachta Pearsanta de bhun fho-alt (3), déanfaidh sé nó sí—

(a) fógra scríofa a thabhairt don chreidiúnaí á rá go bhféadfaidh sé nó sí, laistigh den tréimhse a shonraítear i bhfo-alt (6)(b), fógra a thabhairt i scríbhinn don chleachtóir dócmhainneachta pearsanta i dtaobh an togra leasaithe a bheith ceadaithe aige nó aici, nó a mhalairt agus beidh cóip den togra leasaithe ag gabháil leis an bhfógra scríofa sin,

(b) cóip de na doiciméid dá dtagraítear i mír (a) a thabhairt don fhéichiúnaí, agus

(c) cóip de na doiciméid dá dtagraítear i mír (a) a thaisceadh leis an tSeirbhís Dócmhainneachta.

(5) Sula mbeidh fógra tugtha ag an gcreidiúnaí don chleachtóir dócmhainneachta pearsanta i dtaobh togra le haghaidh Comhshocraíocht Dócmhainneachta Pearsanta a bheith ceadaithe aige nó aici, nó a mhalairt, féadfar togra a dhéanamh chun é a mhodhnú i gcás gur modhnú é lena ndéileáiltear le hathbhrí sa Chomhshocraíocht Dócmhainneachta Pearsanta bheartaithe nó lena gceartaítear earráid inti agus—

(a) i gcás gurb é nó í an creidiúnaí nó an cleachtóir dócmhainneachta pearsanta a mhol an modhnú, agus

(b) i gcás go dtabharfaidh an féichiúnaí a thoiliú scríofa nó a toiliú scríofa leis an modhnú.

(6) Déanfaidh creidiúnaí lena mbaineann an t-alt seo, laistigh den tréimhse seo a leanas, fógra i scríbhinn a thabhairt don chleachtóir dócmhainneachta pearsanta i dtaobh togra le haghaidh Comhshocraíocht Dócmhainneachta Pearsanta a bheith ceadaithe aige nó aici, nó a mhalairt—

(a) 14 lá ón tráth a thabharfar an fógra dó nó di faoi fho-alt (2) nó

(b) más déanaí é, 7 lá ón dáta a thabharfar fógra dó nó di den chéad uair faoi fho-alt (4)(a).

(7) Maidir le togra le haghaidh Comhshocraíocht Dócmhainneachta Pearsanta lena mbaineann an t-alt seo—

(a) measfar é a bheith ceadaithe ag an gcreidiúnaí lena mbaineann i gcás go dtabharfaidh an creidiúnaí sin fógra don chleachtóir

dócmhainneachta pearsanta de réir fho-alt (6) i dtaobh an togra sin a bheith ceadaithe ag an gcreidiúnaí, agus

(b) i gcás go mainneoidh an creidiúnaí sin fo-alt (6) a chomhlíonadh, measfar é a bheith ceadaithe ag an gcreidiúnaí lena mbaineann.

(8) I gcás go dtabharfaidh creidiúnaí lena mbaineann an t-alt seo fógra don chleachtóir dócmhainneachta pearsanta de réir fho-alt (6) á rá nach gceadaíonn sé nó sí an togra, faoi réir fho-alt 115A, measfar go bhfuil deireadh leis an nós imeachta Comhshocraíochta Dócmhainneachta Pearsanta agus scoirfidh an deimhniú cosantach arna eisiúint faoi alt 95 d'éifeacht a bheith leis.

(9) I gcás go mainneoidh cleachtóir dócmhainneachta pearsanta fógra a thabhairt don chreidiúnaí faoi fho-alt (2) sula dtéann an deimhniú cosantach in éag, measfar go bhfuil deireadh leis an nós imeachta Comhshocraíochta Dócmhainneachta Pearsanta.

(10) I gcás go mbeidh feidhm ag an alt seo, déanfar tagairt in alt 95(13) d'alt 110 a fhorléiriú mar thagairt don alt seo.".

**Leasú ar alt 112 den Phríomh-Acht**

**18.** Leasaítear alt 112 den Phríomh-Acht—

(a) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (1) (arna leasú le halt 85 den Acht um Chúirteanna agus an Dlí Sibhialta (Forálacha Ilghnéitheacha), 2013):

"(1) I gcás go gceadófar Comhshocraíocht Dócmhainneachta Pearsanta ag cruinniú creidiúnaithe de réir alt 110 nó, de réir mar a bheidh, go measfar faoi alt 108 í a bheith ceadaithe, déanfaidh an cleachtóir dócmhainneachta pearsanta, a luaithe is indéanta tar éis dheireadh an chruinnithe, fógra a thabhairt don tSeirbhís Dócmhainneachta agus do gach creidiúnaí lena mbaineann faoin gceadú sin nó, de réir mar a bheidh, faoin gceadú measta sin, ar fógra é a mbeidh na nithe seo a leanas ag gabháil leis—

(a) (i) faoi réir fhomhír (ii), deimhniú ina mbeidh toradh na vótála a rinneadh ag an gcruinniú creidiúnaithe agus ina sonrófar na cionmhaireachtaí de na catagóirí vótaí faoi seach a chaith daoine a vótáil ag an gcruinniú creidiúnaithe agus á rá gur cheadaigh an chionmhaireacht riachtanach de chreidiúnaithe dá dtagraítear in alt 110(1) an togra le haghaidh Comhshocraíocht Dócmhainneachta Pearsanta, nó

(ii) i gcás go measfar faoi alt 108(8)(a) (arna leasú le *halt 15(b)* den *Acht um Dhócmhainneacht Phearsanta (Leasú), 2015*) an togra a bheith ceadaithe, deimhniú á rá sin,

(b) cóip den Chomhshocraíocht Dócmhainneachta Pearsanta cheadaithe, agus

(c) ráiteas ón gcleachtóir dócmhainneachta pearsanta á rá gurb é a thuairim nó a tuairim—

(i) go gcomhlíonann an féichiúnaí na critéir incháilitheachta a shonraítear in alt 91 chun togra a dhéanamh le haghaidh Comhshocraíocht Dócmhainneachta Pearsanta,

(ii) go gcomhlíonann an Chomhshocraíocht Dócmhainneachta Pearsanta cheadaithe na ceanglais shainordaitheacha dá dtagraítear in alt 99(2), agus

(iii) nach bhfuil aon téarmaí ann sa Chomhshocraíocht Dócmhainneachta Pearsanta cheadaithe ar téarmaí iad lena scaoilfí an féichiúnaí ó fhiach eisiata nó ó fhiach ineisiata (seachas fiach ceadaithe) nó a dhéanfadh difear d'fhiach den sórt sin ar shlí eile.",

(b) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (1):

"(1A) I gcás go gceadófar Comhshocraíocht Dócmhainneachta Pearsanta nó, de réir mar a bheidh, go measfar í a bheith ceadaithe de réir alt 111A(7) (arna chur isteach le *halt 17* den *Acht um Dhócmhainneacht Phearsanta (Leasú), 2015*), déanfaidh an cleachtóir dócmhainneachta pearsanta, a luaithe is indéanta dá éis sin, fógra a thabhairt don tSeirbhís Dócmhainneachta agus do gach creidiúnaí lena mbaineann faoin gceadú sin nó, de réir mar a bheidh, faoin gceadú measta sin, ar fógra é a mbeidh na nithe seo a leanas ag gabháil leis—

(a) deimhniú á rá go bhfuil feidhm ag alt 111A maidir leis an gComhshocraíocht Dócmhainneachta Pearsanta bheartaithe agus gur ceadaíodh an togra lena mbaineann nó, de réir mar a bheidh, gur measadh é a bheith ceadaithe de réir alt 111A(7) ag an aon chreidiúnaí amháin a bhí i dteideal vótáil ar an togra,

(b) cóip den Chomhshocraíocht Dócmhainneachta Pearsanta cheadaithe, agus

(c) ráiteas ón gcleachtóir dócmhainneachta pearsanta á rá gurb é a thuairim nó a tuairim—

(i) go gcomhlíonann an féichiúnaí na critéir incháilitheachta a shonraítear in alt 91 chun togra a dhéanamh le haghaidh Comhshocraíocht Dócmhainneachta Pearsanta,

(ii) go gcomhlíonann an Chomhshocraíocht Dócmhainneachta Pearsanta cheadaithe na ceanglais shainordaitheacha dá dtagraítear in alt 99(2), agus

(iii) nach bhfuil aon téarmaí ann sa Chomhshocraíocht Dócmhainneachta Pearsanta cheadaithe ar téarmaí iad lena scaoilfí an féichiúnaí ó fhiach eisiata nó ó fhiach ineisiata (seachas fiach ceadaithe) nó lena ndéanfaí difear d'fhiach den sórt sin ar shlí eile.",

agus

(c) i bhfo-alt (2), trí "nó, de réir mar a bheidh, i bhfo-alt (1A) (arna chur isteach le *halt 18(b)* den *Acht um Dhócmhainneacht Phearsanta (Leasú), 2015*)," a chur isteach i ndiaidh "na doiciméid dá dtagraítear i bhfo-alt (1)".

**Leasú ar alt 113 den Phríomh-Acht**

**19.** Leasaítear alt 113 den Phríomh-Acht i bhfo-alt (1) trí "nó, de réir mar a bheidh, alt 112(1A) (arna chur isteach le *halt 18(b)* den *Acht um Dhócmhainneacht Phearsanta (Leasú), 2015*)" a chur isteach i ndiaidh "de bhun alt 112(1) (arna leasú le halt 8 den Acht um Chúirteanna agus an Dlí Sibhialta (Forálacha Ilghnéitheacha), 2013)".

**Leasú ar alt 115 den Phríomh-Acht**

**20.** Leasaítear alt 115 den Phríomh-Acht—

(a) i bhfo-alt (2), tríd an méid seo a leanas a chur in ionad mhír (a)(iv):

"(iv) gurb amhlaidh, de réir mar a bheidh, maidir leis an togra le haghaidh Comhshocraíocht Dócmhainneachta Pearsanta—

(I) gur cheadaigh na cionmhaireachtaí riachtanacha creidiúnaithe dá dtagraítear in alt 110(1) é,

(II) gur togra é lena mbaineann alt 108(8)(a) (arna leasú le *halt 15(b)* den *Acht um Dhócmhainneacht Phearsanta (Leasú), 2015*), nó

(III) gur ceadaíodh é nó, de réir mar a bheidh, gur measadh é a bheith ceadaithe de réir alt 111(A)(7) (arna chur isteach le *halt 17* den *Acht um Dhócmhainneacht Phearsanta (Leasú), 2015*),",

agus

(b) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (5) (arna leasú le halt 87 den Acht um Chúirteanna agus an Dlí Sibhialta (Forálacha Ilghnéitheacha), 2013):

"(5) Chun críocha fho-alt (2), féadfaidh an chúirt chuí—

(a) deimhniú an chleachtóra dócmhainneachta pearsanta dá dtagraítear in alt 112(1)(a)(i) (arna leasú le *halt 18(a)* den *Acht um Dhócmhainneacht Phearsanta (Leasú), 2015*) a ghlacadh mar fhianaise gur cheadaigh na cionmhaireachtaí riachtanacha creidiúnaithe dá dtagraítear in alt 110(1) an togra le haghaidh Comhshocraíocht Dócmhainneachta Pearsanta,

(b) deimhniú an chleachtóra dócmhainneachta pearsanta dá dtagraítear in alt 112(1)(a)(ii) (arna leasú le *halt 18(a)* den *Acht um Dhócmhainneacht Phearsanta (Leasú), 2015*) a ghlacadh mar fhianaise gur togra é lena mbaineann alt 108(8)(a) (arna leasú le *halt 15(b)* den *Acht um Dhócmhainneacht Phearsanta (Leasú), 2015*) an togra le haghaidh Comhshocraíocht Dócmhainneachta Pearsanta,

(c) deimhniú an chleachtóra dócmhainneachta pearsanta dá dtagraítear in alt 112(1A) (arna chur isteach le *halt 18(b)* den *Acht um Dhócmhainneacht Phearsanta (Leasú), 2015*) a ghlacadh mar fhianaise gur ceadaíodh an Chomhshocraíocht Dócmhainneachta

Pearsanta nó, de réir mar a bheidh, gur measadh é a bheith ceadaithe de réir alt 111A(7) (arna chur isteach le *halt 17* den *Acht um Dhócmhainneacht Phearsanta (Leasú), 2015*), agus

(d) ráiteas an chleachtóra dócmhainneachta pearsanta dá dtagraítear in alt 112(1)(c) (arna chur isteach le halt 85 den Acht um Chúirteanna agus an Dlí Sibhialta (Forálacha Ilghnéitheacha), 2013) nó, de réir mar a bheidh, in alt 112(1A)(c) (arna chur isteach le *halt 18(b)* den *Acht um Dhócmhainneacht Phearsanta (Leasú), 2015*) a ghlacadh mar fhianaise ar aon ní dá dtagraítear i bhfo-alt (2) agus is ábhar don ráiteas sin.”.

**Athbhreithniú cúirte ar Chomhshocraíocht Dócmhainneachta Pearsanta bheartaithe**

**21.** Leasaítear an Príomh-Acht tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 115:

**“115A.**(1) I gcás—

(a) nach gceadófar togra le haghaidh Comhshocraíocht Dócmhainneachta Pearsanta de réir na Caibidle seo, agus

(b) go n-áireofar fiach iomchuí ar na fiacha a thiocfadh faoi réim na Comhshocraíochta Dócmhainneachta Pearsanta beartaithe,

féadfaidh an cleachtóir dócmhainneachta pearsanta, i gcás go measfaidh sé nó sí go bhfuil forais réasúnacha ann chun iarratas den sórt sin a dhéanamh agus má thugann an féichiúnaí treoir i scríbhinn dó nó di déanamh amhlaidh, iarratas a dhéanamh thar ceann an fhéichiúnaí chun na cúirte cuí ar ordú faoi fho-alt (9).

(2) Maidir le hiarratas faoin alt seo, déanfar é tráth nach déanaí ná 14 lá tar éis an chruinnithe creidiúnaithe dá dtagraítear i bhfo-alt (16)(a) nó, de réir mar a bheidh, tar éis don chleachtóir dócmhainneachta pearsanta fógra an chreidiúnaí lena mbaineann a fháil faoi alt 111A(6) (arna chur isteach le *halt 17* den *Acht um Dhócmhainneacht Phearsanta (Leasú), 2015*), is iar bhfógra don tSeirbhís Dócmhainneachta, do gach creidiúnaí lena mbaineann agus don fhéichiúnaí a dhéanfar é, agus beidh na nithe seo a leanas ag gabháil leis—

(a) ráiteas faoi fhorais an iarratais, ar ráiteas é ina mbeidh an méid seo a leanas—

(i) ráiteas á rá nár ceadaíodh an togra le haghaidh Comhshocraíocht Dócmhainneachta Pearsanta de réir na Caibidle seo,

(ii) seachas i gcás gur comhshocraíocht lena mbaineann alt 111A an Chomhshocraíocht Dócmhainneachta Pearsanta bheartaithe, ráiteas ina ndéanfar an creidiúnaí nó na creidiúnaithe a vótáil i bhfabhar an togra a shainaithint faoi threoir na faisnéise dá dtagraítear i mír (d)(i)(II) atá sa deimhniú arna thabhairt faoi mhír (d), arb é nó í an creidiúnaí é nó í, nó arb iad na creidiúnaithe iad, ar ceart don chúirt, i dtuairim an chleachtóra dócmhainneachta pearsanta, a mheas ina leith go mbaineann sé nó sí nó siad le

haicme creidiúnaithe chun críocha an ailt seo, agus ina dtabharfar na cúiseanna leis an tuairim sin,

(b) cóip den togra le haghaidh Comhshocraíocht Dócmhainneachta Pearsanta,

(c) cóip de thuarascáil an chleachtóra dócmhainneachta pearsanta dá dtagraítear in alt 107(1)(d),

(d) deimhniú—

(i) ina mbeidh toradh na vótála a rinneadh ag an gcruinniú creidiúnaithe agus ina sainaithnítear an méid seo a leanas—

(I) na cionmhaireachtaí de na catagóirí vótaí faoi seach a chaith na daoine a vótáil ag an gcruinniú creidiúnaithe, agus

(II) na creidiúnaithe a vótáil i bhfabhar an togra agus ina choinne, agus cineál agus luach an fhéich atá ag dul do gach creidiúnaí den sórt sin,

nó

(ii) más infheidhme, ina luafar go bhfuil feidhm ag alt 111A maidir leis an togra agus go bhfuil fógra tugtha ag an gcreidiúnaí lena mbaineann don chleachtóir dócmhainneachta pearsanta faoi alt 111A(6) á rá nach gceadaíonn an creidiúnaí an togra,

agus

(e) ráiteas ón gcleachtóir dócmhainneachta pearsanta á rá gurb é a thuairim nó a tuairim—

(i) go gcomhlíonann an féichiúnaí na critéir incháilitheachta a shonraítear in alt 91 chun togra a dhéanamh le haghaidh Comhshocraíocht Dócmhainneachta Pearsanta,

(ii) go gcomhlíonann an Chomhshocraíocht Dócmhainneachta Pearsanta bheartaithe na ceanglais shainordaitheacha dá dtagraítear in alt 99(2), agus

(iii) nach bhfuil aon téarmaí ann sa Chomhshocraíocht Dócmhainneachta Pearsanta bheartaithe ar téarmaí iad lena scaoilfí an féichiúnaí ó fhiach eisiata nó ó fhiach ineisiata (seachas fiach ceadaithe) nó lena ndéanfaí difear d'fhiach den sórt sin ar shlí eile.

(3) Maidir le fógra do chreidiúnaí faoi fho-alt (2), beidh fógra ag gabháil leis ina gcuirfear in iúl go bhféadfaidh sé nó sí, laistigh de 14 lá ó dháta seolta an fhógra, fógra a thaisceadh leis an gcúirt chuí, ina leagfar amach cibé acu atá nó nach bhfuil an creidiúnaí ag cur i gcoinne an iarratais agus ina leagfar amach cúiseanna an chreidiúnaí leis sin.

(4) Aon chreidiúnaí a thaisceann fógra faoi fho-alt (3), déanfaidh sé nó sí, an tráth céanna, cóip den fhógra a chur chuig an tSeirbhís Dócmhainneachta,

chuig an gcleachtóir dócmhainneachta pearsanta agus chuig gach creidiúnaí lena mbaineann.

(5) I gcás go ndéantar iarratas faoin alt seo sula dtéann an deimhniú cosantach in éag, leanfaidh an deimhniú cosantach sin i bhfeidhm—

(a) go dtí go dtagann an Chomhshocraíocht Dócmhainneachta Pearsanta in éifeacht faoi fho-alt (13), nó

(b) go dtí go dtarlaíonn ceann amháin de na nithe seo a leanas—

(i) go mbeidh an tréimhse chun achomharc a thionscnamh i gcoinne an chúirt chuí do dhiúltú ordú a dhéanamh faoi fho-alt (9) imithe in éag gan aon achomharc den sórt sin a bheith tionscanta,

(ii) go mbeidh an t-achomharc sin tarraingthe siar, nó

(iii) go mbeidh cinneadh déanta maidir leis an gcinneadh.

(6) Déanfaidh an chúirt chuí, chun críoch iarratas faoin alt seo, éisteacht a thionól, agus is éisteacht í a dhéanfar iar bhfógra don tSeirbhís Dócmhainneachta, don chleachtóir dócmhainneachta pearsanta agus do gach creidiúnaí lena mbaineann.

(7) Déanfar éisteacht faoin alt seo a thionól ar bhealach chomh dlúsúil agus is cuí.

(8) Ní dhéanfaidh an chúirt breithniú i dtaobh an ndéanfaidh sí ordú faoi fho-alt (9) ach amháin i gcás—

(a) gur deimhin léi—

(i) gur comhlíonadh na critéir incháilitheachta a shonraítear in alt 91,

(ii) gur comhlíonadh na ceanglais shainordaitheacha dá dtagraítear in alt 99, agus

(iii) nach bhfuil aon téarmaí ann sa Chomhshocraíocht bheartaithe ar téarmaí iad lena scaoilfí an féichiúnaí ó fhiach eisiata nó ó fhiach ineisiata (seachas fiach ceadaithe) nó lena ndéanfaí difear d'fhiach den sórt sin ar shlí eile,

agus

(b) go measann sí, ag féachaint don fhaisnéis atá os a comhair, lena n-áirítear faisnéis atá i bhfógra faoi fho-alt (3), nach bhfuil feidhm ag aon fhoras a shonraítear in alt 120 i ndáil leis an bhféichiúnaí ná leis an gComhshocraíocht bheartaithe.

(9) Ní fhéadfaidh an chúirt, tar éis éisteacht faoin alt seo, ordú a dhéanamh lena ndaingnítear teacht in éifeacht na Comhshocraíochta Dócmhainneachta Pearsanta beartaithe ach amháin i gcás gur deimhin léi—

(a) gur foirmlíodh téarmaí na Comhshocraíochta beartaithe i gcomhlíonadh alt 104,

(b) ag féachaint do gach ní iomchuí, lena n-áirítear na téarmaí ar dá réir a fhoirmlítear an Chomhshocraíocht bheartaithe, go bhfuil ionchas réasúnach ann, mar thoradh ar dhaingniú na Comhshocraíochta beartaithe—

(i) go gcumasófar don fhéichiúnaí a fhéichiúnas nó a féichiúnas a fhuascailt gan dul ar iontaoibh na féimheachta,

(ii) go gcumasófar do na creidiúnaithe na fiacha atá dlite dóibh a ghnóthú a mhéid is féidir le réasún de réir acmhainní an fhéichiúnaí, agus

(iii) go gcumasófar don fhéichiúnaí—

(I) gan leas ina phríomháit chónaithe phríobháideach nó ina príomháit chónaithe phríobháideach go léir nó i gcuid di a dhiúscairt, nó

(II) gan scor dá phríomháit chónaithe phríobháideach nó dá príomháit chónaithe phríobháideach go léir nó de chuid di a áitiú,

(c) ag féachaint do gach ní iomchuí, lena n-áirítear imthosca airgeadais an fhéichiúnaí agus na nithe dá dtagraítear i bhfo-alt (10)(a), gur dóigh le réasún go mbeidh an féichiúnaí in ann téarmaí na Comhshocraíochta beartaithe a chomhlíonadh,

(d) más infheidhme, ag féachaint do na nithe dá dtagraítear in alt 104(2), gurb amhlaidh, maidir leis na costais a bhaineann lena chumasú don fhéichiúnaí leanúint de bheith ina chónaí nó ina cónaí i bpríomháit chónaithe phríobháideach an fhéichiúnaí, nach bhfuil siad rómhór,

(e) go bhfuil an Chomhshocraíocht bheartaithe cóir agus cothromasach i ndáil le gach aicme creidiúnaithe nár cheadaigh an togra agus a ndéanfaí díobháil dá leasanna nó dá n-éilimh dá dtiocfadh sí in éifeacht,

(f) nach ndéanann an Chomhshocraíocht bheartaithe dochar éagórach do leasanna aon pháirtí leasmhar, agus

(g) seachas i gcás gur togra lena mbaineann alt 111A an togra, gur ghlac aicme amháin creidiúnaithe ar a laghad an Chomhshocraíocht bheartaithe, le tromlach os cionn 50 faoin gcéad de luach na bhfiach atá ag dul don aicme.

(10) Le linn don chúirt breithniú a dhéanamh i dtaobh an ndéanfaidh sí ordú faoi fho-alt (9), beidh aird aici ar na nithe seo a leanas:

(a) iompar na ndaoine seo a leanas, laistigh den 2 bhliain roimh eisiúint an deimhnithe chosantaigh faoi alt 95—

(i) an féichiúnaí le linn dó nó di féachaint leis na fiacha lena mbaineann a íoc, agus

(ii) creidiúnaí le linn dó nó di féachaint leis na fiacha atá dlite don chreidiúnaí a ghnóthú;

(b) na nithe seo a leanas, i gcás go bhfuil mionsonraí ann ina dtaobh i bhfógra arna thaisceadh ag creidiúnaí faoi fho-alt (3)—

(i) aighneacht arna déanamh ag an gcreidiúnaí faoi alt 98(1) nó rogha arna cur in iúl ag an gcreidiúnaí faoi alt 102(1) agus an dáta a rinneadh an aighneacht sin nó a cuireadh an rogha sin in iúl, agus

(ii) aon rogha de shórt eile atá ar fáil don chreidiúnaí chun an fiach lena mbaineann a ghnóthú.

(11) I gcás go ndéanann an chúirt ordú faoi fho-alt (9) nó go ndiúltaíonn sí ordú a dhéanamh faoi fho-alt (9), tabharfaidh cláraitheoir na cúirte cuí fógra ina thaobh sin don tSeirbhís Dócmhainneachta agus don chleachtóir dócmhainneachta pearsanta lena mbaineann.

(12) Ar fhógra a fháil faoi fho-alt (11) á rá go ndearnadh ordú faoi fho-alt (9), déanfaidh an tSeirbhís Dócmhainneachta an Chomhshocraíocht Dócmhainneachta Pearsanta lena mbaineann a chlárú i gClár na gComhshocraíochtaí Dócmhainneachta Pearsanta.

(13) Tiocfaidh an Chomhshocraíocht Dócmhainneachta Pearsanta in éifeacht ar í a chlárú i gClár na gComhshocraíochtaí Dócmhainneachta Pearsanta.

(14) Déanfaidh an chúirt, in iarratas faoin alt seo, cibé ordú eile a mheasfaidh sí is cuí, lena n-áirítear ordú maidir le costais an iarratais.

(15) Chun críocha an bhreithnithe a dhéanann sí ar iarratas faoin alt seo, féadfaidh an chúirt chuí—

(a) deimhniú an chleachtóra dócmhainneachta pearsanta dá dtagraítear i bhfo-alt (2)(d)(i) a ghlacadh mar fhianaise ar na cionmhaireachtaí de na catagóirí vótaí faoi seach a chaith na daoine a vótáil ag an gcruinniú creidiúnaithe agus de na creidiúnaithe a vótáil i bhfabhar na Comhshocraíochta Dócmhainneachta Pearsanta beartaithe agus ina coinne agus ar chineál agus luach an fhéich atá ag dul do gach creidiúnaí den sórt sin,

(b) deimhniú an chleachtóra dócmhainneachta pearsanta dá dtagraítear i bhfo-alt (2)(d)(ii) a ghlacadh mar fhianaise nár ceadaíodh an Chomhshocraíocht bheartaithe de réir alt 111A, agus

(c) ráiteas an chleachtóra dócmhainneachta pearsanta dá dtagraítear i bhfo-alt (2)(e) a ghlacadh mar fhianaise ar aon ní dá dtagraítear i bhfo-alt (8) ar ní é is ábhar don ráiteas sin.

(16) Chun críocha an ailt seo, ní bheidh togra le haghaidh Comhshocraíocht Dócmhainneachta Pearsanta arna cheadú de réir na Caibidle seo i gcás—

(a) ag cruinniú creidiúnaithe a thionólfar faoin gCaibidil seo, nach gceadaítear é de réir alt 110 nó, de réir mar a bheidh, nach meastar é a bheith ceadaithe faoi alt 108(8)(a) (arna leasú le *halt 15(b)* den *Acht um Dhócmhainneacht Phearsanta (Leasú), 2015*), nó

(b) i gcás togra le haghaidh Comhshocraíocht Dócmhainneachta Pearsanta lena mbaineann alt 111A, go mbeidh fógra tugtha ag

an gcreidiúnaí lena mbaineann don chleachtóir dócmhainneachta pearsanta de réir alt 111A(6) á rá nach gceadaíonn an creidiúnaí an togra.

(17) (a) Chun críocha an ailt seo, agus faoi réir mhír (b), féadfaidh an chúirt a mheas—

(i) maidir le haon chreidiúnaí amháin, nó

(ii) maidir le níos mó ná aon chreidiúnaí amháin, i gcás go measann an chúirt go bhfuil leasanna nó éilimh den tsamhail chéanna ag na creidiúnaithe i ndáil leis an bhféichiúnaí,

gur aicme creidiúnaithe é nó iad.

(b) Le linn don chúirt breith a thabhairt faoi mhír (a) i dtaobh an measfaidh sí gur aicme creidiúnaithe creidiúnaí nó creidiúnaithe, beidh aird ag an gcúirt ar imthosca an cháis, lena n-áirítear an méid seo a leanas, ag féachaint don ráiteas faoi fhorais an iarratais dá dtagraítear i bhfo-alt (2)(a) agus don deimhniú dá dtagraítear i bhfo-alt (2)(d)(i)—

(i) líon agus comhdhéanamh foriomlán na gcreidiúnaithe a vótáil ag an gcruinniú creidiúnaithe, agus

(ii) an chionmhaireacht d'fhiacha an fhéichiúnaí atá dlite do na creidiúnaithe a bhí rannpháirteach sa chruinniú creidiúnaithe agus a vótáil ag an gcruinniú creidiúnaithe arb í an chionmhaireacht í atá in ionannas don chreidiúnaí nó na gcreidiúnaithe lena mbaineann.

(18) San alt seo—

ciallaíonn 'fiach iomchuí' fiach—

(a) a bhfuil an íocaíocht ina leith urraithe le hurrús i bpríomháit chónaithe phríobháideach nó thar phríomháit chónaithe phríobháideach an fhéichiúnaí, agus

(b) arb ina leith—

(i) a bhí an féichiúnaí i riaráiste, ar an 1 Eanáir 2015, maidir lena íocaíochtaí nó lena híocaíochtaí, nó

(ii) atá comhshocraíocht aisíocaíochta de shórt eile déanta ag an bhféichiúnaí leis an gcreidiúnaí urraithe lena mbaineann tar éis don fhéichiúnaí a bheith i riaráiste, roimh an 1 Eanáir 2015, maidir lena íocaíochtaí nó lena híocaíochtaí.".

**Leasú ar alt 119 den Phríomh-Acht**

**22.** Leasaítear an Príomh-Acht tríd an méid seo a leanas a chur in ionad alt 119 (arna leasú le halt 89 den Acht um Chúirteanna agus an Dlí Sibhialta (Forálacha Ilghnéitheacha), 2013):

**"119.** (1) Faoi réir an ailt seo agus alt 119A, féadfar Comhshocraíocht Dócmhainneachta Pearsanta a athrú de réir a téarmaí.

(2) Déanfaidh cleachtóir dócmhainneachta pearsanta, cibé acu ar a thionscnamh féin nó ar a tionscnamh féin nó ar iarraidh arna déanamh de réir fho-alt (3) a fháil, togra le haghaidh athrú ar Chomhshocraíocht Dócmhainneachta Pearsanta (dá ngairtear 'athrú' san alt seo) i gcás—

(a) gur dealraitheach don chleachtóir dócmhainneachta pearsanta go bhfuil athrú ábhartha tagtha ar imthosca an fhéichiúnaí, agus

(b) gur deimhin leis an gcleachtóir dócmhainneachta pearsanta go bhfuil ionchas réasúnach ann go ndéanfaí athrú lena dtugtar aghaidh ar na himthosca sin a cheadú de réir an ailt seo.

(3) Féadfaidh féichiúnaí nó creidiúnaí a bheidh faoi cheangal ag Comhshocraíocht Dócmhainneachta Pearsanta a iarraidh ar an gcleachtóir dócmhainneachta pearsanta togra a dhéanamh le haghaidh athrú ar an gComhshocraíocht, ar iarraidh í—

(a) a bheidh i scríbhinn,

(b) a mbeidh faisnéis nó fianaise ag gabháil léi chun tacú leis an dearbhú go bhfuil athrú ábhartha tagtha ar imthosca an fhéichiúnaí, agus

(c) a mbeidh toiliú scríofa an duine a bheidh ag déanamh na hiarrata ag gabháil léi, ar toiliú é—

(i) leis an gcleachtóir dócmhainneachta pearsanta do dhéanamh fiosrú faoi fho-alt (4), agus

(ii) leis an gcleachtóir dócmhainneachta pearsanta do nochtadh sonraí pearsanta de chuid an duine, a mhéid is gá le haghaidh fiosrú den sórt sin.

(4) Déanfaidh cleachtóir dócmhainneachta pearsanta, laistigh de 21 lá ón tráth a gheobhaidh sé nó sí iarraidh faoi fho-alt (3), breith a thabhairt i dtaobh an bhfuil feidhm ag míreanna (a) agus (b) d'fho-alt (2) i ndáil leis an gComhshocraíocht Dócmhainneachta Pearsanta lena mbaineann agus, chun na críche sin—

(a) féadfaidh sé nó sí aon fhaisnéis bhreise a theastóidh uaidh nó uaithi a iarraidh ar an duine a rinne an iarraidh, agus

(b) féadfaidh sé nó sí cibé fiosruithe a dhéanamh a mheasann sé nó sí gá chun go dtiocfaidh sé nó sí ar a bhreith nó ar a breith.

(5) D'fhonn breith a thabhairt, cibé acu faoi fho-alt (4) nó eile, i dtaobh an bhfuil feidhm ag míreanna (a) agus (b) d'fho-alt (2) i ndáil leis an gComhshocraíocht Dócmhainneachta Pearsanta lena mbaineann, féadfaidh an cleachtóir dócmhainneachta pearsanta a cheangal ar an bhféichiúnaí lena mbaineann, le cúnamh ón gcleachtóir dócmhainneachta pearsanta más gá, Ráiteas Airgeadais Forordaithe nua a chomhlánú.

(6) I gcás gur deimhin leis an gcleachtóir dócmhainneachta pearsanta go bhfuil feidhm ag míreanna (a) agus (b) d'fho-alt (2) i ndáil leis an gComhshocraíocht Dócmhainneachta Pearsanta lena mbaineann, déanfaidh sé nó sí gan mhoill—

(a) a cheangal ar an bhféichiúnaí lena mbaineann, le cúnamh ón gcleachtóir dócmhainneachta pearsanta más gá, Ráiteas Airgeadais Forordaithe nua a chomhlánú, mura rud é go ndearna an féichiúnaí Ráiteas Airgeadais Forordaithe a chomhlánú faoi fho-alt (5) agus go bhfuil an fhaisnéis ann iomlán cruinn i gcónaí,

(b) togra a fhoirmliú le haghaidh athrú,

(c) toiliú scríofa a lorg ar an bhféichiúnaí leis an togra agus, faoi réir fho-alt (8), le cruinniú de chreidiúnaithe an fhéichiúnaí a ghairm chun an togra a bhreithniú, agus

(d) faoi réir fho-alt (8), i gcás gur tugadh an toiliú ón bhféichiúnaí dá dtagraítear i mír (c), socrú a dhéanamh chun an cruinniú dá dtagraítear sa mhír sin a thionól.

(7) Nuair a bheidh cruinniú creidiúnaithe a thionólfar faoin alt seo á ghairm ag an gcleachtóir dócmhainneachta pearsanta, déanfaidh sé nó sí—

(a) fógra scríofa 14 lá ar a laghad a thabhairt do gach creidiúnaí faoin gcruinniú, agus faoin dáta agus faoin am a thionólfar an cruinniú, agus faoin áit a dtionólfar é,

(b) a chinntiú go mbeidh an méid seo a leanas ag gabháil leis an bhfógra dá dtagraítear i mír (a)—

(i) togra scríofa le haghaidh athrú ar an gComhshocraíocht Dócmhainneachta Pearsanta,

(ii) tuarascáil ón gcleachtóir dócmhainneachta pearsanta—

(I) ina dtabharfar tuairisc ar an toradh ó thaobh na gcreidiúnaithe agus ó thaobh an fhéichiúnaí faoi théarmaí an togra, agus

(II) ina gcuirfear in iúl an amhlaidh go bhfuil nó nach bhfuil sé nó sí den tuairim gur dóigh, le réasún, go mbeidh an féichiúnaí in ann téarmaí na Comhshocraíochta Dócmhainneachta Pearsanta, arna hathrú de réir an togra, a chomhlíonadh,

(iii) an Ráiteas Airgeadais Forordaithe arna chomhlánú ag an bhféichiúnaí faoi fho-alt (5) nó (6), de réir mar a bheidh, agus

(iv) cibé faisnéis eile a gheobhaidh an cleachtóir dócmhainneachta pearsanta faoin alt seo agus is iomchuí leis nó léi,

agus

(c) cóip den fhógra dá dtagraítear i mír (a) agus na doiciméid dá dtagraítear i mír (b) a thaisceadh leis an tSeirbhís Dócmhainneachta.

(8) I gcás nach mbeadh ach aon chreidiúnaí amháin i dteideal vótáil ag cruinniú creidiúnaithe faoin alt seo (cibé acu i leith fiach amháin nó níos mó), déanfaidh an cleachtóir dócmhainneachta pearsanta, in ionad cruinniú den sórt sin a thionól, fógra a thabhairt don chreidiúnaí faoin togra le haghaidh athrú, agus beidh feidhm ag míreanna (b) agus (c) d'fho-alt (7) i leith an fhógra sin.

(9) Beidh feidhm ag forálacha ailt 99 go 105 agus ailt 108 go 115 (seachas fo-ailt (2) agus (3) d'alt 101, ailt 108(9), 109(6), 111A(7) (arna chur isteach le *halt 17* den *Acht um Dhócmhainneacht Phearsanta (Leasú), 2015*), 112(1)(c)(i) (arna leasú le *halt 18(a)* den *Acht um Dhócmhainneacht Phearsanta (Leasú), 2015*), 112(1A)(c)(i) (arna chur isteach le *halt 18(b)* den *Acht um Dhócmhainneacht Phearsanta (Leasú), 2015*), 113(2), 114(3), agus 115(2)(a)(i)) agus alt 120 i ndáil le hathrú ar Chomhshocraíocht Dócmhainneachta Pearsanta faoin alt seo, ach sin faoi réir na modhnuithe seo a leanas agus aon mhodhnuithe eile is gá—

(a) forléireofar tagairt do Chomhshocraíocht Dócmhainneachta Pearsanta mar thagairt do Chomhshocraíocht Dócmhainneachta Pearsanta arna hathrú de réir na Caibidle seo,

(b) forléireofar tagairt do thogra le haghaidh Comhshocraíocht Dócmhainneachta Pearsanta mar thagairt do thogra le haghaidh athrú ar Chomhshocraíocht Dócmhainneachta Pearsanta, agus forléireofar tagairt do Chomhshocraíocht Dócmhainneachta Pearsanta bheartaithe mar thagairt d'athrú beartaithe ar Chomhshocraíocht Dócmhainneachta Pearsanta,

(c) forléireofar tagairt do Ráiteas Airgeadais Forordaithe mar thagairt don Ráiteas Airgeadais Forordaithe arna chomhlánú ag an bhféichiúnaí faoi fho-alt (5) nó (6), de réir mar a bheidh,

(d) ní bheidh d'éifeacht le hathrú ar Chomhshocraíocht Dócmhainneachta Pearsanta ré na Comhshocraíochta Dócmhainneachta Pearsanta sin a fhadú thar an ré uasta a cheadaítear faoi alt 99(2)(b),

(e) maidir le Comhshocraíocht Dócmhainneachta Pearsanta arna hathrú faoin alt seo, déanfar foráil léi, chomh maith leis an bhfaisnéis dá dtagraítear in alt 99(2)(f) a bheith inti, le haghaidh costais agus eisíocaíochtaí de chuid an chleachtóra dócmhainneachta pearsanta a bhaineann leis an alt seo,

(f) déanfar tagairt d'fhógra á rá gur eisíodh deimhniú cosantach a fhorléiriú mar thagairt d'fhógra faoi fho-alt (7) maidir le cruinniú creidiúnaithe a ghairm,

(g) déanfar tagairt don lá nó don dáta a eiseofar deimhniú cosantach, seachas in alt 102(7), a fhorléiriú mar thagairt don dáta a dhéanfar vótáil ag an gcruinniú creidiúnaithe faoin alt seo,

(h) i gcás go raibh feidhm ag alt 103(3) maidir le Comhshocraíocht Dócmhainneachta Pearsanta, ní oibreoidh an t-athrú ar an gComhshocraíocht sin chun an tréimhse dá dtagraítear in alt 103(11)(a) a athrú,

(i) aon tagairt don mhargadhluach a bheidh curtha síos d'urrús, nó do mhargadhluach urrúis arna chinneadh, de réir alt 105, forléireofar í mar an luach a chuirfear síos d'urrús nó a chinnfear de réir alt 105 chun críoch athrú faoin alt seo,

(j) déanfar tagairt do chruinniú creidiúnaithe a fhorléiriú mar thagairt do chruinniú creidiúnaithe faoin alt seo,

(k) i gcás go raibh feidhm ag alt 108(4) maidir le creidiúnaí, leanfaidh an fo-alt sin d’fheidhm a bheith aige maidir leis an gcreidiúnaí sin chun críoch a cheart vótála nó a ceart vótála ag cruinniú creidiúnaithe faoin alt seo,

(l) aon fhiach is fiach neamhurraithe an dáta a dhéanfar an vótáil ag cruinniú creidiúnaithe faoin alt seo, déileálfar leis mar fhiach neamhurraithe, d’ainneoin gurbh fhiach urraithe é an fiach lena mbaineann an tráth a rinneadh an vótáil ar an togra le haghaidh na Comhshocraíochta Dócmhainneachta Pearsanta lena mbaineann,

(m) ní fhéadfar, i gcúrsa cruinniú creidiúnaithe, an cruinniú a chur ar atráth de bhun alt 109(4) ach aon uair amháin, agus

(n) déanfar tagairt in alt 115(5)(c) (arna leasú le *halt 20(b)* den *Acht um Dhócmhainneacht Phearsanta (Leasú), 2015*) d’alt 111A(7) a fhorléiriú mar thagairt d’fho-alt (10).

(10) (a) I gcás go bhfuil feidhm ag fo-alt (8), déanfaidh an creidiúnaí lena mbaineann, laistigh den tréimhse seo a leanas, fógra i scríbhinn a thabhairt don chleachtóir dócmhainneachta pearsanta i dtaobh togra le haghaidh athrú ar an gComhshocraíocht Dócmhainneachta Pearsanta a bheith ceadaithe a bheith ceadaithe aige nó aici, nó a mhalairt—

(i) 14 lá ón tráth a thabharfar an fógra faoin bhfo-alt sin dó nó di, nó

(ii) más déanaí é, 7 lá tar éis an dáta a thabharfar fógra dó nó di den chéad uair faoi alt 111A(4)(a).

(b) Maidir le togra dá dtagraítear i mír (a)—

(i) measfar é a bheith ceadaithe ag an gcreidiúnaí lena mbaineann i gcás go dtabharfaidh an creidiúnaí sin fógra don chleachtóir dócmhainneachta pearsanta de réir na míre sin i dtaobh an togra a bheith ceadaithe ag an gcreidiúnaí, agus

(ii) i gcás go mainneoidh an creidiúnaí sin an mhír sin a chomhlíonadh, measfar é a bheith ceadaithe ag an gcreidiúnaí lena mbaineann.

(11) I gcás—

(a) ar vótáil a dhéanamh ag cruinniú creidiúnaithe faoin alt seo, nach gceadaítear an togra de réir alt 110,

(b) go bhfuil feidhm ag fo-alt (8) agus nach gceadaítear an togra de réir fho-alt (10), nó

(c) go seasann an chúirt chuí le hagóid creidiúnaí i gcoinne athrú ar Chomhshocraíocht Dócmhainneachta Pearsanta do theacht in éifeacht,

leanfaidh an Chomhshocraíocht Dócmhainneachta Pearsanta lena mbaineann, gan dochar do na forálacha eile den Acht seo, d'éifeacht a bheith léi gan bheith faoi réir athrú den sórt sin.

(12) Ní dochar fo-alt (11) do theideal an chleachtóra dócmhainneachta pearsanta togra a dhéanamh le haghaidh athrú eile ar an gComhshocraíocht Dócmhainneachta Pearsanta de réir an ailt seo.

(13) Faoi réir fho-alt (14), aon diúltú míréasúnach ar thaobh an fhéichiúnaí a thoiliú nó a toiliú a thabhairt—

(a) faoi fho-alt (6), do thogra le haghaidh athrú nó cruinniú creidiúnaithe a ghairm,

(b) faoi alt 119A(3), do thogra le haghaidh athrú nó d'fhógra a thabhairt do chreidiúnaithe faoi alt 119A(4), nó

(c) faoi fho-alt (3) nó (4) d'alt 109 nó, de réir mar a bheidh, faoi fho-alt (3) nó (5) d'alt 111A (arna chur isteach le *halt 17* den *Acht um Dhócmhainneacht Phearsanta (Leasú), 2015*),

is foras é le haghaidh iarratas faoi alt 122(1)(g).

(14) Aon fhéichiúnaí a dhiúltóidh a thoiliú nó a toiliú a thabhairt faoi fhoráil dá dtagraítear i bhfo-alt (13), measfar é nó í a bheith ag gníomhú go réasúnach i gcás go gceanglófaí ar an bhféichiúnaí leis an togra ar i ndáil leis a lorgaítear an toiliú—

(a) i gcás go mbeidh méadú tagtha ar ioncam an fhéichiúnaí, íocaíochtaí breise a dhéanamh, ar mó iad ná 50 faoin gcéad den mhéadú ar a ioncam nó a hioncam a bheadh ar fáil dó nó di tar éis na hasbhaintí seo a leanas (más infheidhme) a dhéanamh:

(i) cáin ioncaim;

(ii) ranníocaí árachais shóisialaigh;

(iii) íocaíochtaí arna ndéanamh aige nó aici i leith fiacha eisiata;

(iv) íocaíochtaí arna ndéanamh aige nó aici i leith fiacha ineisiata nach fiacha ceadaithe;

(v) cibé tobhaigh agus muirir eile ar ioncam a fhorordófar,

nó

(b) íocaíocht a dhéanamh ar mó í ná 50 faoin gcéad de luach aon mhaoin a bheidh faighte ag an bhféichiúnaí tar éis don Chomhshocraíocht Dócmhainneachta Pearsanta a bheartaítear a athrú teacht in éifeacht, mura rud é go raibh réamhshocrú i dtéarmaí na Comhshocraíochta sin i dtaobh an mhaoin sin a fháil.

(15) Forléireofar tagairt sa Chaibidil seo do Chomhshocraíocht Dócmhainneachta Pearsanta mar thagairt a fholaíonn comhshocraíocht den sórt sin mar a bheartaítear í a athrú nó arna hathrú de réir an ailt seo nó alt 119A, mura n-éilíonn an comhthéacs a mhalairt.

(16) San alt seo, ciallaíonn 'athrú ábhartha ar imthosca an fhéichiúnaí' athrú ar imthosca an fhéichiúnaí a dhéanfadh difear ábhartha dá chumas nó dá cumas íocaíochtaí a dhéanamh, nó a oibleagáidí nó a hoibleagáidí a chomhlíonadh ar shlí eile, faoin gComhshocraíocht Dócmhainneachta Pearsanta, agus folaíonn sé méadú nó laghdú ar mhéid shócmhainní, dhliteanais nó ioncam an fhéichiúnaí.

**Comhshocraíocht Dócmhainneachta Pearsanta arna daingniú le hordú faoi alt 115A a athrú**

**119A.** (1) I gcás go mbeidh teacht in éifeacht Comhshocraíochta Dócmhainneachta Pearsanta daingnithe le hordú ón gcúirt faoi alt 115A(9), féadfar an Chomhshocraíocht a athrú de réir a téarmaí agus faoi réir an ailt seo.

(2) Beidh feidhm ag fo-ailt (2) go (5), agus ag míreanna (a) agus (b) d'fho-alt (6), d'alt 119 maidir le hathrú ar Chomhshocraíocht Dócmhainneachta Pearsanta faoin alt seo.

(3) I gcás go mbeidh togra le haghaidh athrú ar an gComhshocraíocht Dócmhainneachta Pearsanta lena mbaineann foirmlithe, de réir alt 119(6)(b), ag an gcleachtóir dócmhainneachta pearsanta, déanfaidh sé nó sí gan mhoill—

(a) toiliú scríofa a lorg ar an bhféichiúnaí leis an togra agus le fógra a thabhairt faoi fho-alt (4) do na creidiúnaithe lena mbaineann, agus

(b) fógra a thabhairt faoi fho-alt (4) do gach creidiúnaí lena mbaineann.

(4) Maidir le fógra faoin bhfo-alt seo—

(a) cuirfear an togra le haghaidh athrú ar an gComhshocraíocht Dócmhainneachta Pearsanta in iúl don chreidiúnaí ann,

(b) beidh an méid seo a leanas ag gabháil leis—

(i) togra scríofa le haghaidh an athraithe ar an gComhshocraíocht Dócmhainneachta Pearsanta,

(ii) tuarascáil ón gcleachtóir dócmhainneachta pearsanta—

(I) ina dtabharfar tuairisc ar an toradh ó thaobh na gcreidiúnaithe agus ó thaobh an fhéichiúnaí faoi théarmaí an togra, agus

(II) ina gcuirfear in iúl an é nó nach é a thuairim nó a tuairim gur dóigh le réasún go mbeidh an féichiúnaí in ann téarmaí na Comhshocraíochta Dócmhainneachta Pearsanta, arna hathrú de réir an togra, a chomhlíonadh,

(iii) an Ráiteas Airgeadais Forordaithe arna chomhlánú ag an bhféichiúnaí faoi alt 119(5) nó (6), de réir mar a bheidh,

(iv) ráiteas ina ndéanfar éifeacht fho-ailt (7), (8), (9) agus (12) a chur in iúl don chreidiúnaí, agus

(v) cibé faisnéis eile a gheobhaidh an cleachtóir dócmhainneachta pearsanta faoin alt seo agus is iomchuí leis nó léi.

(5) Déanfaidh an cleachtóir dócmhainneachta pearsanta cóip d'fhógra faoi fho-alt (4) agus na doiciméid dá dtagraítear i mír (b) den fho-alt sin a thaisceadh leis an tSeirbhís Dócmhainneachta.

(6) Beidh feidhm ag forálacha ailt 99 go 105 (seachas fo-ailt (2) agus (3) d'alt 101) agus alt 120 i ndáil le hathrú ar Chomhshocraíocht Dócmhainneachta Pearsanta faoin alt seo, ach sin faoi réir na modhnuithe seo a leanas agus aon mhodhnuithe eile is gá—

(a) forléireofar tagairt do Chomhshocraíocht Dócmhainneachta Pearsanta mar thagairt do Chomhshocraíocht Dócmhainneachta Pearsanta arna hathrú de réir na Caibidle seo,

(b) forléireofar tagairt do thogra le haghaidh Comhshocraíocht Dócmhainneachta Pearsanta mar thagairt do thogra le haghaidh athrú ar Chomhshocraíocht Dócmhainneachta Pearsanta, agus forléireofar tagairt do Chomhshocraíocht Dócmhainneachta Pearsanta bheartaithe mar thagairt d'athrú beartaithe ar Chomhshocraíocht Dócmhainneachta Pearsanta,

(c) forléireofar tagairt do Ráiteas Airgeadais Forordaithe mar thagairt don Ráiteas Airgeadais Forordaithe arna chomhlánú ag an bhféichiúnaí faoi alt 119(5) nó (6), de réir mar a bheidh,

(d) ní bheidh d'éifeacht le hathrú ar Chomhshocraíocht Dócmhainneachta Pearsanta ré na Comhshocraíochta Dócmhainneachta Pearsanta sin a fhadú thar an ré uasta a cheadaítear faoi alt 99(2)(b),

(e) maidir le Comhshocraíocht Dócmhainneachta Pearsanta arna hathrú faoin alt seo, déanfar foráil léi, chomh maith leis an bhfaisnéis dá dtagraítear in alt 99(2)(f) a bheith inti, le haghaidh costais agus eisíocaíochtaí de chuid an chleachtóra dócmhainneachta pearsanta a bhaineann leis an alt seo,

(f) déanfar tagairt d'fhógra á rá gur eisíodh deimhniú cosantach a fhorléiriú mar thagairt d'fhógra faoi fho-alt (4),

(g) déanfar tagairt don lá nó don dáta a eiseofar deimhniú cosantach, seachas in alt 102(7), a fhorléiriú mar thagairt don dáta a thabharfar fógra don chreidiúnaí faoi fho-alt (4),

(h) i gcás go raibh feidhm ag alt 103(3) maidir le Comhshocraíocht Dócmhainneachta Pearsanta, ní oibreoidh an t-athrú ar an gComhshocraíocht sin chun an tréimhse dá dtagraítear in alt 103(11)(a) a athrú, agus

(i) aon tagairt don mhargadhluach a bheidh curtha síos d'urrús, nó do mhargadhluach urrúis a chinnfear de réir alt 105, forléireofar í mar an luach a chuirfear síos d'urrús nó a chinnfear de réir alt 105 chun críoch athrú faoin alt seo.

(7) Déanfaidh creidiúnaí, laistigh de 14 lá tar éis fógra a thabhairt don chreidiúnaí faoi fho-alt (4), fógra a thabhairt i scríbhinn don chleachtóir dócmhainneachta pearsanta i dtaobh an togra le haghaidh athrú ar an

gComhshocraíocht Dócmhainneachta Pearsanta a bheith ceadaithe aige nó aici, nó a mhalairt.

(8) I gcás go mainneoidh creidiúnaí fo-alt (7) a chomhlíonadh, measfar an togra lena mbaineann a bheith ceadaithe ag an gcreidiúnaí.

(9) I gcás go dtabharfaidh creidiúnaí fógra don chleachtóir dócmhainneachta pearsanta de réir fho-alt (7) á rá nach gceadaíonn an creidiúnaí an togra, féadfaidh an cleachtóir dócmhainneachta pearsanta, má thugann an féichiúnaí treoir i scríbhinn dó nó di déanamh amhlaidh, iarratas a dhéanamh thar ceann an fhéichiúnaí chun na cúirte cuí ar ordú lena ndaingneofar teacht in éifeacht na Comhshocraíochta Dócmhainneachta Pearsanta arna hathrú de réir an togra (dá ngairtear 'ordú faoin alt seo' san alt seo).

(10) I gcás go mbeidh feidhm ag fo-alt (9) agus nach ndéanfaidh an cleachtóir dócmhainneachta pearsanta iarratas de réir an ailt seo, leanfaidh an Chomhshocraíocht Dócmhainneachta Pearsanta lena mbaineann, gan dochar do na forálacha eile den Acht seo, d'éifeacht a bheith léi gan bheith faoi réir athrú den sórt sin.

(11) Ní dochar fo-alt (10) do theideal an chleachtóra dócmhainneachta pearsanta togra a dhéanamh le haghaidh athrú eile ar an gComhshocraíocht Dócmhainneachta Pearsanta de réir an ailt seo.

(12) I gcás nach dtabharfaidh aon chreidiúnaí fógra don chleachtóir dócmhainneachta pearsanta de réir fho-alt (7) á rá nach gceadaíonn an creidiúnaí an togra, tabharfaidh an cleachtóir dócmhainneachta pearsanta fógra i scríbhinn faoin méid sin don tSeirbhís Dócmhainneachta.

(13) Déanfar iarratas ar ordú faoin alt seo tráth nach déanaí ná 14 lá tar éis don chleachtóir dócmhainneachta pearsanta an fógra a fháil ón gcreidiúnaí dá dtagraítear i bhfo-alt (9) agus—

(a) is iar bhfógra don tSeirbhís Dócmhainneachta, do gach creidiúnaí lena mbaineann agus don fhéichiúnaí a dhéanfar é, agus

(b) beidh an méid seo a leanas ag gabháil leis—

(i) cóip de na doiciméid dá dtagraítear i bhfo-alt (4)(b),

(ii) cóip den fhógra ón gcreidiúnaí dá dtagraítear i bhfo-alt (9), agus

(iii) ráiteas faoi fhorais an iarratais agus áireoidh sé sin (seachas i gcás gur Comhshocraíocht lenar bhain alt 111A an Chomhshocraíocht Dócmhainneachta Pearsanta a bheartaítear a athrú) ráiteas ina sainaithneofar an creidiúnaí nó na creidiúnaithe arb é nó í an creidiúnaí é nó í, nó arb iad na creidiúnaithe iad, ar ceart don chúirt, i dtuairim an chleachtóra dócmhainneachta pearsanta, ós rud é gurbh é nó í, nó gurbh iad, a cheadaigh an togra, nó ar measadh ina leith gur cheadaigh sé nó sí nó siad é, de réir an ailt seo, a mheas ina leith go mbaineann sé nó sí nó siad le haicme creidiúnaithe chun críocha an ailt seo, agus ina dtabharfar na cúiseanna leis an tuairim sin.

(14) Beidh feidhm ag alt 115A(6) go (9) i ndáil le hiarratas faoin alt seo, ach sin faoi réir na modhnuithe seo a leanas agus aon mhodhnuithe eile is gá—

(a) forléireofar tagairt do Chomhshocraíocht Dócmhainneachta Pearsanta bheartaithe mar thagairt do thogra le haghaidh athrú ar Chomhshocraíocht Dócmhainneachta Pearsanta,

(b) forléireofar tagairt d'ordú faoi alt 115A(9) mar thagairt d'ordú faoin alt seo, agus

(c) aon tagairt in alt 115A(9)(g) d'aicme creidiúnaithe a bheith tar éis Comhshocraíocht bheartaithe a ghlacadh, forléireofar í mar thagairt d'aicme creidiúnaithe a bheith tar éis togra le haghaidh athrú ar Chomhshocraíocht Dócmhainneachta Pearsanta a cheadú de réir an ailt seo, nó d'aicme creidiúnaithe a bhfuiltear tar éis a mheas ina leith gur cheadaigh sí togra den sórt sin de réir an ailt seo.

(15) I gcás go ndéanfaidh an chúirt ordú faoin alt seo nó go ndiúltóidh sí ordú faoin alt seo a dhéanamh, tabharfaidh cláraitheoir na cúirte cuí fógra faoin méid sin don tSeirbhís Dócmhainneachta agus don chleachtóir dócmhainneachta pearsanta lena mbaineann.

(16) Déanfaidh an tSeirbhís Dócmhainneachta an t-athrú ar Chomhshocraíocht Dócmhainneachta Pearsanta a chlárú i gClár na gComhshocraíochtaí Dócmhainneachta Pearsanta tar éis di fógra a fháil—

(a) faoi fho-alt (12), nó

(b) faoi fho-alt (15) á rá go ndearnadh ordú faoin alt seo.

(17) Tiocfaidh an t-athrú ar Chomhshocraíocht Dócmhainneachta Pearsanta faoin alt seo in éifeacht ar é a chlárú i gClár na gComhshocraíochtaí Dócmhainneachta Pearsanta.

(18) Déanfaidh an chúirt, in iarratas faoin alt seo, cibé ordú eile a mheasfaidh sí is cuí, lena n-áirítear ordú maidir le costais an iarratais.".

**Leasú ar alt 159 den Phríomh-Acht**

**23.** Leasaítear alt 159 den Phríomh-Acht—

(a) tríd an míniú seo a leanas a chur isteach:

"ciallaíonn 'oifigeach údaraithe' duine arna cheapadh nó arna ceapadh faoi alt 176B chun bheith ina oifigeach údaraithe nó ina hoifigeach údaraithe;",

agus

(b) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad an mhínithe ar "iompar míchuí":

"ciallaíonn 'iompar míchuí', i ndáil le cleachtóir dócmhainneachta pearsanta—

(a) an cleachtóir dócmhainneachta pearsanta do dhéanamh gníomh a fhágann nach duine oiriúnach cuí an cleachtóir dócmhainneachta

pearsanta a thuilleadh chun cleachtas a sheoladh mar chleachtóir dócmhainneachta pearsanta,

(b) an cleachtóir dócmhainneachta pearsanta do dhéanamh sárú ábhartha ar fhoráil den Acht seo nó ar aon rialacháin arna ndéanamh faoi, nó

(c) an cleachtóir dócmhainneachta pearsanta do mhainneachtain a fheidhmeanna nó a feidhmeanna faoin Acht seo a chomhlíonadh de réir an Achta seo agus aon rialacháin arna ndéanamh faoin Acht seo.”.

**Ailt 176A go 176D a chur isteach sa Phríomh-Acht**

**24.** Leasaítear an Príomh-Acht tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 176:

**“Maoirseacht**

**176A.** D’fhonn a chinntiú go gcomhlíonfaidh cleachtóirí dócmhainneachta pearsanta a n-oibleagáidí faoin Acht seo, féadfaidh an tSeirbhís Dócmhainneachta maoirseacht a dhéanamh ar chleachtóirí dócmhainneachta pearsanta le linn dóibh a bhfeidhmeanna a chomhlíonadh faoin Acht seo.

**Oifigigh Údaraithe**

**176B.**(1)Chun críocha an Achta seo—

(a) féadfaidh Stiúrthóir na Seirbhíse Dócmhainneachta cibé comhaltaí d’fhoireann na Seirbhíse Dócmhainneachta a mheasfaidh sé nó sí is cuí a cheapadh chun bheith ina n-oifigigh údaraithe ar feadh cibé tréimhse agus faoi réir cibé téarmaí a chinnfidh an Stiúrthóir,

(b) féadfaidh Stiúrthóir na Seirbhíse Dócmhainneachta cibé daoine eile a mheasfaidh sé nó sí is cuí a cheapadh chun bheith ina n-oifigigh údaraithe ar feadh cibé tréimhse agus faoi réir cibé téarmaí (lena n-áirítear téarmaí maidir le luach saothair agus liúntais i leith caiteachas) a chinnfidh an Stiúrthóir, le ceadú an Aire agus le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

(2) Tabharfar barántas ceapacháin do gach oifigeach údaraithe agus, le linn dó nó di aon fheidhm a fhorchuirtear faoin Acht seo a chomhlíonadh, déanfaidh sé nó sí, ar aon duine dá ndéanfar difear é a iarraidh, an barántas nó cóip de a thabhairt ar aird, mar aon le foirm aitheantais phearsanta.

(3) Scoirfidh ceapachán faoin alt seo—

(a) má chúlghaireann an tSeirbhís Dócmhainneachta an ceapachán,

(b) má scoireann an duine arna cheapadh nó arna ceapadh de bheith ina chomhalta nó ina comhalta d’fhoireann na Seirbhíse Dócmhainneachta, nó

(c) más ceapachán ar feadh tréimhse shocraithe an ceapachán, i ndeireadh na tréimhse sin.

(4) Is i scríbhinn a dhéanfar cúlghairm faoin alt seo.

**Cumhachtaí Oifigeach Údaraithe**

**176C.** (1) D'fhonn feidhmeanna na Seirbhíse Dócmhainneachta a chomhlíonadh faoi alt 176A féadfaidh oifigeach údaraithe, i ndáil le cleachtóir dócmhainneachta pearsanta—

(a) faoi réir fho-ailt (13) agus (14), gach tráth réasúnach, dul isteach in aon áitreabh ina ndéantar, nó in aon fheithiclí ina ndéantar nó trína ndéantar, aon ghníomhaíocht a sheoladh i dtaca le cleachtas an chleachtóra dócmhainneachta pearsanta, agus aon áitreabh nó feithiclí den sórt sin a iniúchadh, a scrúdú agus a chuardach,

(b) faoi réir fho-ailt (13) agus (14), dul isteach in aon teaghais atá ar áitiú ag an gcleachtóir dócmhainneachta pearsanta, is teaghais a bhfuil forais réasúnacha ann chun a chreidiúint ina leith go bhfuil taifid a bhaineann le cleachtas an chleachtóra dócmhainneachta pearsanta á gcoimeád inti, agus an teaghais sin a iniúchadh, a scrúdú agus a chuardach,

(c) gan dochar d'aon chumhacht eile a thugtar leis an bhfo-alt seo, a cheangal ar aon duine a fhaightear in aon áitreabh, feithicil nó teaghais dá dtagraítear in aon cheann de na míreanna sin roimhe seo, nó a fhaightear ar aon áitreabh, feithicil nó teaghais den sórt sin, nó ar aon duine atá i bhfeighil an áitribh, na feithicle nó na teaghaise sin, nó a bhfuil an céanna faoina rialú, nó atá ag stiúradh aon ghníomhaíocht ann nó inti, ar gníomhaíocht í dtagraítear i mír (a), aon taifid, leabhair nó cuntais (cibé acu a choimeádtar de láimh nó ar shlí eile iad), nó doiciméid eile is gá don oifigeach údaraithe a fheiceáil chun críocha alt 176A, a thabhairt ar aird, agus féadfaidh an t-oifigeach údaraithe aon taifid, leabhair nó cuntais den sórt sin nó aon doiciméid eile den sórt sin a thabharfar ar aird amhlaidh a iniúchadh, a scrúdú, a chóipeáil agus a thabhairt chun siúil nó a cheangal ar dhuine réamhráite cóip díobh nó d'aon iontrálacha iontu a sholáthar don oifigeach údaraithe,

(d) a cheangal ar aon duine dá dtagraítear i mír (c) cibé saoráidí agus cúnamh a thabhairt dó nó di atá faoi rialú an duine nó ina gcuid nó ina chuid dá fhreagrachtaí nó dá freagrachtaí agus is gá le réasún chun a chumasú don oifigeach údaraithe aon cheann de na cumhachtaí a thugtar don oifigeach údaraithe faoi mhír (a), (b) nó (c) a fheidhmiú,

(e) a cheangal ar aon duine a úsáideann nó a d'úsáid trealamh sonraí, nó a n-úsáidtear nó ar úsáideadh trealamh sonraí thar a cheann nó thar a ceann, i dtaca le gníomhaíocht dá dtagraítear i mír (a), nó ar aon duine atá i bhfeighil an trealaimh sonraí sin nó aon ghaireas nó ábhar gaolmhar, nó a bhfuil baint aige nó aici ar shlí eile le hoibriú an chéanna, gach cúnamh réasúnach a thabhairt don oifigeach údaraithe maidir lena úsáid,

(f) a cheangal ar an gcleachtóir dócmhainneachta pearsanta, ar fhostaí an chleachtóra dócmhainneachta pearsanta nó ar ghníomhaire an chleachtóra dócmhainneachta pearsanta cibé údarás i scríbhinn a thabhairt, arna dhíriú chuig cibé banc nó bainc a éileoidh an

t-oifigeach údaraithe d'fhonn iniúchadh a dhéanamh ar aon chuntas nó cuntais a d'oscail an cleachtóir dócmhainneachta pearsanta, nó ar chuir an cleachtóir dócmhainneachta pearsanta faoi deara é nó iad a oscailt, sa bhanc nó sna bainc sin (nó ar aon doiciméid a bhaineann leis an gcuntas nó leis na cuntais sin), agus cóipeanna a fháil ón mbanc nó ó na bainc sin de cibé doiciméid a bhaineann leis an gcuntas sin nó leis na cuntais sin ar feadh cibé tréimhse nó tréimhsí a mheasann an t-oifigeach údaraithe is gá chun an chríoch sin a chomhlíonadh, agus

(g) comhalta den Gharda Síochána a thabhairt leis nó léi le linn dó nó di cumhachtaí an oifigigh a fheidhmiú faoin gCaibidil seo agus féadfaidh cibé oifigigh údaraithe eile, comhaltaí den Gharda Síochána nó daoine eile a mheasann an t-oifigeach údaraithe is cuí le réasún cúnamh a thabhairt dó nó di le linn dó nó di na cumhachtaí sin a fheidhmiú amhlaidh.

(2) I gceanglas faoi fho-alt (1)(c), (d), (e) nó (f), sonrófar tréimhse ar laistigh di a bheidh, nó dáta agus tráth a bheidh, an ceanglas le comhlíonadh ag an duine is ábhar don cheanglas.

(3) Chun críocha a fheidhmeanna maoirseachta nó a feidhmeanna maoirseachta faoi alt 176A, féadfaidh oifigeach údaraithe—

(a) a cheangal ar dhuine, arb é tuairim an oifigigh údaraithe ina leith—

(i) go bhfuil faisnéis atá iomchuí ina sheilbh nó ina seilbh aige nó aici, nó

(ii) go bhfuil aon taifid, leabhair nó cuntais (cibé acu a choimeádtar de láimh nó ar shlí eile iad) nó doiciméid eile is iomchuí maidir leis an maoirseacht i seilbh, nó faoi urláimh, an duine sin nó ar fáil ag an duine sin,

an fhaisnéis sin nó na taifid, na leabhair, na cuntais nó na doiciméid eile sin, de réir mar a bheidh, a sholáthar don oifigeach údaraithe,

(b) i gcás go measann an t-oifigeach údaraithe gur cuí déanamh amhlaidh, a cheangal ar an duine sin freastal os comhair an oifigigh údaraithe d'fhonn an fhaisnéis sin nó na taifid, na leabhair, na cuntais nó na doiciméid eile sin, de réir mar a bheidh, a sholáthar amhlaidh, agus

(c) a cheangal ar dhuine míniú a thabhairt ar bhreith, cur chuige, córas nó cleachtas nó ar chineál nó ábhar aon taifid nó, i gcás go measann an t-oifigeach údaraithe gur cuí déanamh amhlaidh, a cheangal ar an duine sin freastal os comhair an oifigigh údaraithe chun an míniú sin a thabhairt,

agus comhlíonfaidh an duine an ceanglas.

(4) I gceanglas faoi fho-alt (3), sonrófar an méid seo a leanas—

(a) tréimhse ar laistigh di a bheidh, nó dáta agus tráth a bheidh, an ceanglas le comhlíonadh ag an duine is ábhar don cheanglas, agus

(b) de réir mar is cuí leis an oifigeach údaraithe lena mbaineann—

(i) an áit a bhfreastalóidh an duine chun an fhaisnéis lena mbaineann a thabhairt nó ar a seachadfaidh an duine na taifid, na leabhair, na cuntais nó na doiciméid eile lena mbaineann, nó

(ii) an áit ar chuici a chuirfidh an duine an fhaisnéis nó na taifid, na leabhair, na cuntais nó na doiciméid eile lena mbaineann.

(5) Aon duine a gceanglaítear air nó uirthi freastal os comhair oifigeach údaraithe faoi fho-alt (3)—

(a) tá sé de cheangal air nó uirthi freisin aon cheist a chuireann an t-oifigeach údaraithe ar an duine a fhreagairt go hiomlán agus go fírinneach, agus

(b) má cheanglaíonn an t-oifigeach údaraithe air nó uirthi déanamh amhlaidh, freagróidh sé nó sí aon cheist den sórt sin faoi mhionn.

(6) I gcás gur dealraitheach d'oifigeach údaraithe gur mhainnigh duine ceanglas faoi fho-alt (1), (3) nó (5) a chomhlíonadh nó a chomhlíonadh go hiomlán, féadfaidh an t-oifigeach údaraithe, iar bhfógra don duine sin agus le toiliú na Seirbhíse Dócmhainneachta, iarratas a dhéanamh ar mhodh achomair chun na Cúirte Cuarda ar ordú faoi fho-alt (7).

(7) I gcás gur deimhin leis an gCúirt Chuarda, tar éis di an t-iarratas a éisteacht, gur mhainnigh an duine an ceanglas atá i gceist a chomhlíonadh nó a chomhlíonadh go hiomlán, féadfaidh an Chúirt Chuarda, faoi réir fho-alt (10), ordú a dhéanamh á cheangal ar an duine sin an ceanglas a chomhlíonadh nó a chomhlíonadh go hiomlán, de réir mar a bheidh, laistigh de thréimhse arna sonrú ag an gCúirt.

(8) Maidir le hiarratas faoi fho-alt (6) chun na Cúirte Cuarda, is chuig breitheamh den Chúirt sin don chuaird ina bhfuil cónaí ar an duine is ábhar don iarratas nó ina seolann sé nó sí aon ghairm, gnó nó slí bheatha, de ghnáth, a dhéanfar é.

(9) Údaraítear leis seo d'oifigeach údaraithe duine a chur faoi mhionn dá dtagraítear i bhfo-alt (5)(b).

(10) Beidh duine is ábhar do cheanglas faoi fho-alt (1), (3) nó (5) i dteideal na ndíolúintí agus na bpribhléidí céanna i leith an ceanglas sin a chomhlíonadh amhail is dá mba fhinné os comhair na hArd-Chúirte é nó í an duine.

(11) Níl aon ráiteas nó admháil a dhéanann duine de bhun ceanglas faoi fho-alt (1), (3) nó (5) inghlactha i gcoinne an duine sin in imeachtaí coiriúla seachas in imeachtaí coiriúla i leith cion faoi fho-alt (15), agus déanfaidh an t-oifigeach údaraithe lena mbaineann an méid seo a mhíniú don duine i ngnáthchaint.

(12) Ní mheasfar go gcuirtear iallach le haon ní san alt seo ar aon duine aon taifid, leabhair nó cuntais (cibé acu a choimeádtar de láimh nó ar shlí eile iad) nó doiciméid eile a thabhairt ar aird a mbeadh sé nó sí díolmhaithe

óna dtabhairt ar aird in imeachtaí i gcúirt ar fhoras pribhléid ghairmiúil dhlíthiúil.

(13) Seachas le toiliú an áititheora, ní rachaidh oifigeach údaraithe isteach i dteaghais phríobháideach gan barántas arna eisiúint faoi fho-alt (14) á údarú dó nó di dul isteach.

(14) Féadfaidh breitheamh den Chúirt Dúiche, más deimhin leis nó léi ar fhaisnéis faoi mhionn ó oifigeach údaraithe, á rá—

(a) (i) go bhfuil forais réasúnacha drochamhrais ann go bhfuil aon fhaisnéis nó taifid, leabhair nó cuntais (cibé acu a choimeádtar de láimh nó ar shlí eile iad) nó doiciméid eile a éileoidh oifigeach údaraithe faoin alt seo á sealbhú in aon áitreabh nó in aon chuid d'aon áitreabh, agus

(ii) gur coisceadh ar oifigeach údaraithe, le linn feidhmeanna faoi fho-alt (1) a chomhlíonadh, dul isteach san áitreabh nó in aon chuid de,

nó

(b) gur gá don oifigeach údaraithe dul isteach i dteaghais phríobháideach agus aon cheann dá chumhachtaí nó dá cumhachtaí faoin alt seo a fheidhmiú inti,

barántas a eisiúint á údarú don oifigeach údaraithe, agus daoine eile ina theannta nó ina teannta, más gá, aon tráth nó tráthanna laistigh de 30 lá ón dáta a eiseofar an barántas, agus ar an mbarántas a thabhairt ar aird má iarrtar air nó uirthi déanamh amhlaidh, dul isteach, le forneart réasúnach más gá, san áitreabh nó sa chuid den áitreabh lena mbaineann agus gach feidhm, nó aon fheidhm, den sórt sin a chomhlíonadh.

(15) Faoi réir fho-alt (12), aon duine—

(a) a choimeádann siar, a dhíothaíonn nó a cheileann aon fhaisnéis nó aon taifid, leabhair nó cuntais (cibé acu a choimeádtar de láimh nó ar shlí eile iad) nó doiciméid eile a éilítear d'fhonn maoirseacht a dhéanamh ar chleachtóir dócmhainneachta pearsanta, nó a dhiúltaíonn na nithe sin a sholáthar,

(b) a mhainníonn nó a dhiúltaíonn aon cheanglas de chuid oifigeach údaraithe faoin alt seo a chomhlíonadh, nó

(c) a choisceann nó a bhacann oifigeach údaraithe, ar shlí eile, le linn dó nó di feidhmeanna arna bhforchur faoin Acht seo a chomhlíonadh,

tá sé nó sí ciontach i gcion.

(16) Faoi réir fho-alt (17), i gcás go gciontaítear cleachtóir dócmhainneachta pearsanta i gcion faoi fho-alt (15), féadfaidh an chúirt, tar éis di aird a thabhairt ar chineál an chiona agus ar na himthosca ina ndearnadh an cion, a ordú go ndéanfar a údarú nó a húdarú chun cleachtas a sheoladh mar chleachtóir dócmhainneachta pearsanta a chúlghairm agus go dtoirmeascfar air nó uirthi (agus féadfaidh an toirmeasc sin a bheith ina

thoirmeasc buan, ina thoirmeasc go ceann tréimhse shonraithe nó ina thoirmeasc faoi réir coinníollacha sonraithe) iarratas a dhéanamh ar aon údarú nua chun cleachtas a sheoladh mar chleachtóir dócmhainneachta pearsanta.

(17) Ní bheidh éifeacht le hordú faoi fho-alt (16)—

(a) go dtí go mbeidh an gnáth-am chun achomharc a thionscnamh i gcoinne an chiontaithe lena mbaineann nó i gcoinne an ordaithe imithe in éag gan aon achomharc den sórt sin a bheith tionscanta,

(b) go dtí go mbeidh an t-achomharc sin tarraingthe siar nó tréigthe, nó

(c) ar aon achomharc den sórt sin a thionscnamh, go dtí go seasfar leis an gciontú nó leis an ordú, de réir mar a bheidh.

(18) San alt seo, folaíonn ‘taifid, leabhair nó cuntais’ cóipeanna de thaifid, de leabhair nó de chuntais.

(19) San alt seo, i gcás go mbeidh taifid, leabhair nó cuntais á sealbhú nó á gcothabháil i bhfoirm leictreonach, folaíonn an oibleagáid chun taifid, leabhair nó cuntais a thabhairt ar aird nó a sholáthar oibleagáid chun na taifid, na leabhair nó na cuntais sin a thabhairt ar aird nó a sholáthar i bhfoirm chlóite de chineál inléite agus intuigthe.

(20) I gcás nach bhfuil taifid i bhfoirm inléite, féadfaidh oifigeach údaraithe, i bhfeidhmiú aon cheann dá chumhachtaí nó dá cumhachtaí faoin alt seo—

(a) aon trealamh sonraí, lena n-áirítear aon ríomhaire, a oibriú nó a chur faoi deara go ndéanfaidh duine atá i dteannta an oifigigh údaraithe aon trealamh sonraí nó aon ríomhaire den sórt sin a oibriú, agus

(b) a cheangal ar aon duine ar dealraitheach don oifigeach údaraithe é nó í a bheith in ann rochtain a éascú ar na taifid atá á stóráil in aon trealamh sonraí nó ríomhaire, nó ar féidir rochtain a fháil orthu tríd an trealamh sonraí nó an ríomhaire sin a úsáid, gach cúnamh réasúnach a thabhairt don oifigeach údaraithe i ndáil leis an trealamh sonraí nó an ríomhaire a oibriú nó i ndáil le rochtain ar na taifid atá á stóráil ann, lena n-áirítear an méid seo a leanas:

(i) na taifid a sholáthar don oifigeach údaraithe i bhfoirm inar féidir iad a thógáil agus ina bhfuil siad inléite intuigthe, nó inar féidir taifid inléite intuigthe a dhéanamh díobh;

(ii) aon phasfhocal a thabhairt don oifigeach údaraithe is gá chun taifid inléite intuigthe a dhéanamh de na taifid lena mbaineann; nó

(iii) a chumasú ar shlí eile don oifigeach údaraithe na taifid a scrúdú i bhfoirm ina bhfuil siad inléite intuigthe.

(21) I gcás go gcreideann oifigeach údaraithe, ar fhorais réasúnacha, go bhfuil cion déanta ag duine faoin Acht seo, féadfaidh sé nó sí a cheangal ar an duine sin a ainm nó a hainm agus an seoladh ag a bhfuil gnáthchónaí air nó uirthi a thabhairt dó nó di.

**Fógra ó Oifigeach Údaraithe**

**176D.** I gcás gur dealraitheach d'oifigeach údaraithe, le linn dó nó di a fheidhmeanna nó a feidhmeanna faoi alt 176C a chomhlíonadh, go raibh nó go bhfuil cleachtóir dócmhainneachta pearsanta ag gabháil d'iompar míchuí—

(a) déanfaidh sé nó sí, a luaithe is indéanta, fógra a thabhairt i scríbhinn don tSeirbhís Dócmhainneachta, ina leagfar amach na cúiseanna a bhí aige nó aici chun teacht ar an tuairim sin, agus

(b) breithneoidh an tSeirbhís Dócmhainneachta an fógra agus, más deimhin léi go bhfuil cúis dhóthanach ann le déanamh amhlaidh, féadfaidh sí, de réir alt 180, a chur faoi deara go ndéanfar imscrúdú.".

**Leasú ar alt 181 den Phríomh-Acht**

**25.** Leasaítear alt 181 den Phríomh-Acht—

(a) i bhfo-alt (3)—

(i) i mír (a), trí "don chigire," a chur in ionad "don chigire, agus",

(ii) i mír (b), trí "a sholáthar amhlaidh, agus" a chur in ionad "a sholáthar amhlaidh,", agus

(iii) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír (b):

"(c) a cheangal ar dhuine míniú a thabhairt ar bhreith, cur chuige, córas nó cleachtas nó ar chineál nó ar ábhar aon taifid nó, i gcás go measann an cigire gur cuí déanamh amhlaidh, a cheangal ar an duine sin freastal os comhair an chigire d'fhonn an míniú sin a thabhairt,",

agus

(b) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (21):

"(22) I gcás nach bhfuil taifid i bhfoirm inléite, féadfaidh cigire, i bhfeidhmiú aon cheann dá chumhachtaí nó dá cumhachtaí faoin alt seo—

(a) aon trealamh sonraí, lena n-áirítear aon ríomhaire, a oibriú nó a chur faoi deara go ndéanfaidh duine atá i dteannta an chigire aon trealamh sonraí nó aon ríomhaire den sórt sin a oibriú, agus

(b) a cheangal ar aon duine ar dealraitheach don chigire é nó í a bheith in ann rochtain a éascú ar na taifid atá á stóráil in aon trealamh sonraí nó ríomhaire, nó ar féidir rochtain a fháil orthu tríd an trealamh sonraí nó an ríomhaire sin a úsáid, gach cúnamh réasúnach a thabhairt don chigire i ndáil leis an trealamh sonraí nó an ríomhaire a oibriú nó i ndáil le rochtain ar na taifid atá á stóráil ann, lena n-áirítear an méid seo a leanas—

(i) na taifid a sholáthar don chigire i bhfoirm inar féidir iad a thógáil agus ina bhfuil siad inléite intuigthe, nó inar féidir taifid inléite intuigthe a dhéanamh díobh,

(ii) aon phasfhocal a thabhairt don chigire is gá chun taifid inléite intuigthe a dhéanamh de na taifid lena mbaineann, nó

(iii) a chumasú ar shlí eile don chigire na taifid a scrúdú i bhfoirm ina bhfuil siad inléite intuigthe.

(23) I gcás go gcreideann cigire, ar fhorais réasúnacha, go bhfuil cion déanta ag duine faoin Acht seo, féadfaidh sé nó sí a cheangal ar an duine sin a ainm nó a hainm agus an seoladh ag a bhfuil gnáthchónaí air nó uirthi a thabhairt dó nó di.".

**Leasú ar alt 186 den Phríomh-Acht**

**26.** Leasaítear alt 186 den Phríomh-Acht—

(a) i mír (b), trí "nó" a scriosadh,

(b) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír (b):

"(ba) ag oifigeach údaraithe arna cheapadh nó arna ceapadh faoi alt 176B, nó",

agus

(c) trí "a bhaineann na feidhmeanna sin le maoirseacht a dhéanamh ar chleachtóirí dócmhainneachta pearsanta de réir alt 176A nó le himscrúdú a dhéanamh faoin gCuid seo" a chur in ionad "a bhaineann na feidhmeanna sin le himscrúdú a dhéanamh faoin gCuid seo".

**Gearrtheideal agus comhlua**

**27.** (1) Féadfar an tAcht um Dhócmhainneacht Phearsanta (Leasú), 2015 a ghairm den Acht seo.

(2) Féadfar na hAchtanna um Dhócmhainneacht Phearsanta, 2012 go 2015 a ghairm den Phríomh-Acht, d'ailt 37 go 40, d'alt 41(4), de Chuid 8 agus d'alt 1 (a mhéid a bhaineann sé leis na hailt sin agus leis an gCuid sin) den Acht um Chúirteanna agus an Dlí Sibhialta (Forálacha Ilghnéitheacha), 2013, d'alt 9 d'Acht na gCuideachtaí (Forálacha Ilghnéitheacha), 2013, d'alt 100(3) den Acht Airgeadais, 2013 agus den Acht seo le chéile.

(3) Tiocfaidh an tAcht seo i ngníomh cibé lá nó laethanta a shocrófar le hordú nó le horduithe a dhéanfaidh an tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais, i gcoitinne nó faoi threoir aon chríoch nó foráil áirithe, agus féadfar laethanta éagsúla a cheapadh chun críoch éagsúil agus le haghaidh forálacha éagsúla.

BAILE ÁTHA CLIATH
ARNA FHOILSIÚ AG OIFIG AN tSOLÁTHAIR
Le ceannach díreach ó
FOILSEACHÁIN RIALTAIS,
BÓTHAR BHAILE UÍ BHEOLÁIN, CILL MHAIGHNEANN,
BAILE ÁTHA CLIATH 8, D08 XAO6.
Teil: 046 942 3100
r-phost: publications@opw.ie
nó trí aon díoltóir leabhar.

DUBLIN
PUBLISHED BY THE STATIONERY OFFICE
To be purchased from
GOVERNMENT PUBLICATIONS,
MOUNTSHANNON ROAD, KILMAINHAM,
DUBLIN, D08 XAO6.
Tel: 046 942 3100
Email: publications@opw.ie
or through any bookseller.

€4.57

Wt. —. 22. 8/22. Essentra. (53424). Gr.30-15.

978-1-4468-3152-6